Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14217/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0347(COD)**

**ENV 1087**
**ENER 549**
**IND 437**
**TRANS 673**
**ENT 151**
**SAN 579**
**AGRI 594**
**CODEC 1659**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 542 final - ANNEXES 1 to 11 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 542 final - ANNEXES 1 to 11.

---

Faoi iamh: COM(2022) 542 final - ANNEXES 1 to 11

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 542 final

ANNEXES 1 to 11

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú)**

{SEC(2022) 542 final} - {SWD(2022) 345 final} - {SWD(2022) 542 final} - {SWD(2022) 545 final}

⇩ nua

# IARSCRÍBHINN I

## CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CÁILÍOCHT AN AEIR

### ROINN 1 - TEORAINNLUACHANNA CHUN SLÁINTE AN DUINE A CHOSAINT

*Tábla 1 - Teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint atá le baint amach faoin 1 Eanáir 2030*

| **Tréimhse mheánaithe** | **Teorainnluach** | |
|---|---|---|
| **$PM_{2,5}$** | | |
| 1 lá | 25 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 10 µg/m$^3$ | |
| **$PM_{10}$** | | |
| 1 lá | 45 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 20 µg/m$^3$ | |
| **Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$)** | | |
| 1 uair an chloig | 200 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá | 50 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 20 µg/m$^3$ | |
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | | |
| 1 uair an chloig | 350 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá | 50 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 20 µg/m$^3$ | |

| | | |
|---|---|---|
| **Beinséin** | | |
| Bliain féilire | 3,4 µg/m$^3$ | |
| **Aonocsaíd charbóin (CO)** | | |
| An meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig (1) | 10 mg/m$^3$ | |
| 1 lá | 4 mg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| **Luaidhe (Pb)** | | |
| Bliain féilire | 0,5 µg/m$^3$ | |
| **Arsanaic (As)** | | |
| Bliain féilire | 6,0 ng/m$^3$ | |
| **Caidmiam (Cd)** | | |
| Bliain féilire | 5,0 ng/m$^3$ | |
| **Nicil (Ni)** | | |
| Bliain féilire | 20 ng/m$^3$ | |
| **Beinsi[a]piréin** | | |
| Bliain féilire | 1,0 ng/m$^3$ | |

(1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin.

*Tábla 2 - Teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint atá le baint amach faoi [CUIR ISTEACH SPRIOCDHÁTA AN TRASUITE]*

| **Tréimhse mheánaithe** | **Teorainnluach** |
|---|---|
| **$PM_{2,5}$** | |
| Bliain féilire | 25 µg/m$^3$ |
| **$PM_{10}$** | |

| | | |
|---|---|---|
| 1 lá | 50 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 35 uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 40 µg/m$^3$ | |
| **Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$)** | | |
| 1 uair an chloig | 200 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 40 µg/m$^3$ | |
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | | |
| 1 uair an chloig | 350 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 24 uaire in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá | 125 µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 3 uaire in aon bhliain féilire amháin |
| **Beinséin** | | |
| Bliain féilire | 5 µg/m$^3$ | |
| **Aonocsaíd charbóin (CO)** | | |
| An meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig (1) | 10 mg/m$^3$ | |
| **Luaidhe (Pb)** | | |
| Bliain féilire | 0,5 µg/m$^3$ | |
| **Arsanaic (As)** | | |
| Bliain féilire | 6,0 ng/m$^3$ | |
| **Caidmiam (Cd)** | | |
| Bliain féilire | 5,0 ng/m$^3$ | |
| **Nicil (Ni)** | | |
| Bliain féilire | 20 ng/m$^3$ | |
| **Beinsi[a]piréin** | | |
| Bliain féilire | 1,0 ng/m$^3$ | |

(1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig.

Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin.

ROINN 2 - SPRIOCLUACHANNA AGUS CUSPÓIRÍ FADTÉARMACHA ÓZÓIN

## A. Sainmhínithe agus critéir

Ciallaíonn 'Neamhchosaint charntha ar Ózón thar Thairseach de 40 cuid sa bhilliún' (AOT40), arna shloinneadh in '($\mu g/m^3$) × uaireanta an chloig', suim na difríochta idir tiúchain in aghaidh na huaire atá os cionn 80 $\mu g/m^3$ (= 40 cuid sa bhilliún) agus 80 $\mu g/m^3$ thar thréimhse ar leith, agus úsáid á baint as na luachanna aon uair an chloig idir 8:00 agus 20:00 Am Lár na hEorpa (CET) gach lá, agus na luachanna sin amháin.

## B. Spriocluachanna ózóin

| **Cuspóir** | **Tréimhse mheánaithe** | **Spriocluach** | |
|---|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | An meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig (1) | 120 $\mu g/m^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 lá in aghaidh na bliana féilire, meánaithe thar 3 bliana (2) |
| An comhshaol a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (arna ríomh as luachanna 1 uair an chloig) | 18 000 $\mu g/m^3$ × uaireanta an chloig meánaithe thar 5 bliana (2) |

(1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin.

(2) Mura féidir na meáin 3 bliana nó 5 bliana a chinneadh ar bhonn tacar iomlán leantach de shonraí bliantúla, is mar seo a leanas a bheidh na sonraí íosta bliantúla atá riachtanach chun comhlíonadh na spriocluachanna a sheiceáil:
- i gcás an spriocluacha chun sláinte an duine a chosaint: sonraí bailí le haghaidh aon bhliain amháin,
- i gcás an spriocluacha chun an fásra a chosaint: sonraí bailí le haghaidh 3 bliana.

## C. **Cuspóirí fadtéarmacha ózóin ($O_3$)**

| **Cuspóir** | **Tréimhse mheánaithe** | **Cuspóir fadtéarmach** |
|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | Meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig laistigh de bhliain féilire | 100 $\mu g/m^3$ (1) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fásra a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (ríofa as luachanna 1 uair an chloig) | 6 000 µg/m$^3$ × uaireanta an chloig |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana). | | | |

ROINN 3 - LEIBHÉIL CHRITICIÚLA CHUN FÁSRA AGUS ÉICEACHÓRAIS NÁDÚRTHA A CHOSAINT

| **Tréimhse mheánaithe** | **Leibhéal criticiúil** |
|---|---|
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | |
| Bliain féilire agus an geimhreadh (an 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta) | 20 µg/m$^3$ |
| **Ocsaídí Nítrigine ($NO_x$)** | |
| Bliain féilire | 30 µg/m$^3$ $NO_x$ |

ROINN 4 - TAIRSEACHA FOLÁIRIMH AGUS FAISNÉISE

**A. Tairseacha foláirimh le haghaidh truailleán seachas ózón**

Le tomhas thar 3 uair an chloig as a chéile i gcás dé-ocsaíd sulfair agus dé-ocsaíd nítrigine, agus thar 3 lá as a chéile i gcás $PM_{10}$ agus $PM_{2,5}$, ag suíomhanna atá ionadaíoch do cháilíocht an aeir thar 100 km$^2$ ar a laghad, nó ar fud limistéar iomlán, cibé acu is lú.

| **Truailleán** | **Tairseach foláirimh** |
|---|---|
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | 500 µg/m$^3$ |
| **Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$)** | 400 µg/m$^3$ |
| **$PM_{2,5}$** | 50 µg/m$^3$ |
| **$PM_{10}$** | 90 µg/m$^3$ |

**B. Tairseacha faisnéise agus foláirimh le hghaidh ózóin**

| **Cuspóir** | **Tréimhse mheánaithe** | **Tairseach** |
|---|---|---|
| Faisnéis | 1 uair an chloig | 180 µg/m$^3$ |

| | | |
|---|---|---|
| Foláireamh | 1 uair an chloig (1) | 240 µg/$m^3$ |

(1) Chun Airteagal 20 a chur chun feidhme, déanfar sárú na tairsí a thomhas nó a thuar ar feadh 3 uair an chloig as a chéile.

ROINN 5 - OIBLEAGÁID MAIDIR LE LAGHDÚ MEÁNTEAGMHÁLA LE HAGHAIDH $PM_{2,5}$ AGUS $NO_2$

## A. Táscaire meánteagmhála

Beidh an Táscaire Meánteagmhála, arna shloinneadh i µg/m$^3$ (AEI), bunaithe ar thomhais a dhéantar ar chúlsuíomhanna uirbeacha in aonaid chríche ar leibhéal NUTS 1 ar fud críoch Ballstáit. Déanfar measúnú air mar mheántiúchan bliantúil gluaisteach thar 3 bliana féilire, meánaithe thar phointí samplála uile an truailleáin ábhartha arna mbunú de bhun Phointe B d'Iarscríbhinn III i ngach aonad críche NUTS 1. Is éard a bheidh sa Táscaire Meánteagmhála le haghaidh bliain ar leith meántiúchan na bliana céanna agus an dá bhliain roimhe sin.

I gcás ina sainaithníonn Ballstáit sáruithe atá inchurtha i leith foinsí nádúrtha, déanfar rannchuidithe ó fhoinsí nádúrtha a asbhaint sula ríomhfar an Táscaire Meánteagmhála.

Úsáidtear an Táscaire Meánteagmhála le haghaidh an scrúdaithe i dtaobh an bhfuil an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála á comhlíonadh.

## B. Oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála

Ó 2030 ar aghaidh ní sháróidh an Táscaire Meánteagmhála leibhéal atá:

– i gcás $PM_{2,5}$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála 10 mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $PM_{2,5}$, cuspóir a shainítear i Roinn C.

– i gcás $NO_2$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála 10 mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $NO_2$, cuspóir a shainítear i Roinn C.

## C. Cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála

Is éard a bheidh sa chuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála an leibhéal seo a leanas den Táscaire Meánteagmhála.

| **Truailleán** | **Cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála** |
|---|---|
| **$PM_{2,5}$** | Táscaire Meánteagmhála = 5 µg/m$^3$ |
| **$NO_2$** | Táscaire Meánteagmhála = 10 µg/m$^3$ |

## IARSCRÍBHINN II

## TAIRSEACHA MEASÚNAITHE

ROINN 1 - TAIRSEACHA MEASÚNAITHE MAIDIR LE COSAINT SLÁINTE

| **Truailleán** | **Tairseach mheasúnaithe (meán bliantúil, mura sonraítear é)** |
|---|---|
| **$PM_{2,5}$** | 5 µg/$m^3$ |
| **$PM_{10}$** | 15 µg/$m^3$ |
| **Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$)** | 10 µg/$m^3$ |
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | 40 µg/$m^3$ (meán 24 uair an chloig)(1) |
| **Beinséin** | 1,7 µg/$m^3$ |
| **Aonocsaíd charbóin (CO)** | 4 mg/$m^3$ (meán 24 uair an chloig)(1) |
| **Luaidhe (Pb)** | 0,25 µg/$m^3$ |
| **Arsanaic (As)** | 3,0 ng/$m^3$ |
| **Caidmiam (Cd)** | 2,5 ng/$m^3$ |
| **Nicil (Ni)** | 10 ng/$m^3$ |
| **Beinsi[a]piréin** | 0,12 ng/$m^3$ |
| **Ózón ($O_3$)** | 100 µg/$m^3$ (meán uasta 8 n-uair an chloig)(1) |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana). | |

ROINN 2 - TAIRSEACHA MEASÚNAITHE MAIDIR LE FÁSRA AGUS ÉICEACHÓRAIS NÁDÚRTHA A CHOSAINT

| **Truailleán** | **Tairseach mheasúnaithe (meán bliantúil, mura sonraítear é)** |
|---|---|
| **Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$)** | 8 µg/$m^3$ (meánaithe idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 31 Márta) |
| **Ocsaídí nítrigine ($NO_x$)** | 19,5 µg/$m^3$ |

## IARSCRÍBHINN III

## LÍON ÍOSTA POINTÍ SAMPLÁLA LE HAGHAIDH TOMHAS SEASTA

**A. An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint, le spriocluachanna ózóin, le cuspóirí fadtéarmacha, le táirseacha faisnéise agus le tairseacha foláirimh**

*1. Foinsí idirleata*

*Tábla 1 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha foláirimh i limistéir inarb é tomhas seasta an t-aon fhoinse faisnéise (i gcás gach truailleáin seachas ózón)*

| **Daonra an limistéir (ina mhílte)** | **An líon íosta pointí samplála má sháraíonn leibhéil tiúchana an tairseach mheasúnaithe** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **$NO_2$, $SO_2$, CO, beinséin** | **Suim PM (1)** | **Líon íosta $PM_{10}$** | **Líon íosta $PM_{2,5}$** | **Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$** | **Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$** |
| 0 - 249 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 250 - 499 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 000 - 1 499 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 500 - 1 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 2 |
| 2 000 - 2 749 | 6 | 8 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 2 750 - 3 749 | 7 | 10 | 4 | 4 | 2 | 3 |
| 3 750 - 4 749 | 8 | 11 | 4 | 4 | 3 | 4 |
| 4 750 - 5 999 | 9 | 13 | 5 | 5 | 4 | 5 |
| 6 000+ | 10 | 15 | 5 | 5 | 5 | 5 |

(1) An líon pointí samplála $PM_{2,5}$ agus $NO_2$ ar chúlsuíomhanna uirbeacha i gceantair uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B.

*Tábla 2 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le spriocluachanna ózóin, le cuspóirí fadtéarmacha agus le tairseacha faisnéise agus foláirimh i gcás inarb iad na tomhais sin an t-aon fhoinse faisnéise (i gcás ózóin amháin)*

| **Daonra (ina mhílte)** | **An líon íosta pointí samplála má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 %** (1) |
|---|---|
| < 250 | 1 |
| < 500 | 2 |
| < 1 000 | 2 |
| < 1 500 | 3 |
| < 2 000 | 4 |
| < 2 750 | 5 |
| < 3 750 | 6 |
| ≥ 3 750 | Pointe samplála breise amháin in aghaidh an 2 mhilliún áitritheoir |

(1) Pointe samplála amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra i dteagmháil leis na na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin, beidh ar a laghad 50 % de na pointí samplála lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha.

*Tábla 3 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha foláirimh i limistéir ina bhfuil feidhm ag laghdú 50 % ar na tomhais sin (i gcás gach truailleáin seachas ózón)*

| **Daonra an limistéir (ina mhílte)** | **An líon íosta pointí samplála má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 %** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **$NO_2$, $SO_2$, CO, beinséin** | **Suim PM [(1)]** | **Líon íosta $PM_{10}$** | **Líon íosta $PM_{2,5}$** | **Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$** | **Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$** |
| 0 - 249 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 250 - 499 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 000 - 1 499 | 2 | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 500 - 1 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 2 000 - 2 749 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 2 750 - 3 749 | 4 | 5 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 3 750 - 4 749 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 4 750 - 5 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 6 000+ | 5 | 8 | 3 | 3 | 3 | 3 |

(1) An líon pointí samplála $PM_{2,5}$ agus $NO_2$ ar chúlsuíomhanna uirbeacha i gceantair uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B.

*Tábla 4 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le spriocluachanna ózóin, le cuspóirí fadtéarmacha agus le tairseacha faisnéise agus foláirimh i gcás ina bhfuil feidhm ag laghdú 50 % ar na tomhais sin (i gcás ózóin amháin)*

| **Daonra an limistéir (mílte)** | **An líon íosta pointí samplála má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 %** [(1)] |
|---|---|
| < 250 | 1 |
| < 500 | 1 |
| < 1 000 | 1 |
| < 1 500 | 2 |
| < 2 000 | 2 |
| < 2 750 | 3 |
| < 3 750 | 3 |
| ≥ 3 750 | Pointe samplála breise amháin in aghaidh an 4 mhilliún áitritheoir |

(1) Pointe samplála amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra neamhchosanta ar na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin, beidh ar a laghad 50 % de na pointí samplála lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha.

I gcás gach limistéir, sa líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta a leagtar amach sna táblaí faoin bpointe seo áireofar ar a laghad pointe samplála amháin ar chúlsuíomh uirbeach agus pointe samplála amháin sa limistéar ina bhfuil na tiúchain is airde de réir Phointe B, d'Iarscríbhinn IV, ar choinníoll nach méadófar an líon pointí samplála dá bharr sin. I gcás dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine agus aonocsaíd charbóin, áireofar leis sin pointe samplála amháin ar a laghad atá dírithe ar thomhas a dhéanamh ar an rannchuidiú ó astaíochtaí iompair. Mar sin féin, i gcásanna nach bhfuil ach pointe samplála amháin ag teastáil, beidh an pointe samplála sin lonnaithe sa limistéar ina bhfuil na tiúchain is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu.

I gcás gach limistéir, ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifríocht idir an líon iomlán pointí samplála ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus an líon iomlán pointí samplála i gceantar ina bhfuil na tiúchain is airde i gcás dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine agus aonocsaíd charbóin. An líon pointí samplála $PM_{2,5}$ agus dé-ocsaíde nítrigine ar chúlsuíomhanna uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B.

*2. Poncfhoinsí*

Chun measúnú a dhéanamh ar thruailliú i ngar do phoncfhoinsí, déanfar líon na bpointí samplála le haghaidh tomhas seasta a ríomh agus dlús astaíochtaí, patrúin dáileacháin dhóchúla thruailliú an aeir chomhthimpeallaigh agus teagmháil fhéideartha an phobail á gcur san áireamh. Beidh na pointí samplála sin lonnaithe ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm BAT (na teicnící is fearr atá ar fáil) mar a shainmhínítear i dTreoir 2010/75/AE.

**B. An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála $PM_{2,5}$ agus $NO_2$ chun sláinte an duine a chosaint**

I gcás $PM_{2,5}$ agus $NO_2$, déanfar pointe samplála amháin in aghaidh an réigiúin NUTS 1 mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, agus ar a laghad pointe samplála amháin in aghaidh an mhilliúin áitritheoir arna ríomh i limistéir uirbeacha ina bhfuil níos mó ná 100 000 áitritheoir, a oibriú chun na críche sin. D'fhéadfadh na pointí samplála sin a bheith san áit chéanna leis na pointí samplála faoi Phointe A.

**C. An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le leibhéil chriticiúla, agus le cuspóirí fadtéarmacha maidir le hózón**

*1. Leibhéil chriticiúla chun fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint*

| | |
|---|---|
| **Má sháraíonn na huastiúchain na leibhéil chriticiúla** | Aon phointe samplála amháin gach 20 000 $km^2$ |
| **Má sháraíonn na huastiúchain an tairseach mheasúnaithe** | Aon phointe samplála amháin gach 40 000 $km^2$ |

I limistéir oileánacha, déanfar an líon pointí samplála le haghaidh tomhas seasta a ríomh agus patrúin dáileacháin dhóchúla thruailliú an aeir chomhthimpeallaigh agus teagmháil fhéideartha an fhásra á gcur san áireamh.

*2. Cuspóir fadtéarmach maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint i gcás ózóin*

Chun tomhais a dhéanamh ar chúlsuíomh tuaithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a laghad pointe samplála amháin ann in aghaidh gach 50 000 $km^2$ mar mheándlús ar fud na limistéar go léir in aghaidh na tíre. I gcás tír-raon casta, moltar pointe samplála amháin in aghaidh gach 25 000 $km^2$.

**D. An líon pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta ar cháithníní sármhíne i gcás tiúchain arda**

Déanfar faireachán ar cháithníní sármhíne ag suíomhanna roghnaithe mar aon le truailleáin aeir eile. Beidh pointí samplála chun faireachán a dhéanamh ar cháithníní sármhíne i comhthráth, i gcás inarb iomchuí, le pointí samplála le haghaidh ábhar cáithníneach nó dé-ocsaíd nítrigine dá dtagraítear i bPointe A, agus beidh siad lonnaithe i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII. Chun na críche sin, bunófar pointe samplála amháin ar a laghad in aghaidh gach 5 mhilliún áitritheoir ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda cáithníní sármhíne ann. Bunóidh na Ballstáit ina bhfuil níos lú ná 5 mhilliún áitritheoir aon phointe samplála seasta amháin ar shuíomh inar dócha go mbeidh tiúchain ard cáithníní sármhíne ann.

Maidir le mórláithreáin faireacháin ar chúlsuíomhanna tuaithe nó de chúlra uirbeacha a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 10, ní chuirfear iad san áireamh chun na ceanglais maidir leis an líon íosta pointí samplála le haghaidh cáithníní sármhíne a leagtar amach anseo a chomhlíonadh.

# IARSCRÍBHINN IV

# MEASÚNÚ AR CHÁILÍOCHT AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH AGUS SUÍOMH NA BPOINTÍ SAMPLÁLA

## A. Faisnéis Ghinearálta

Déanfar measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i ngach limistéar mar a leanas:

1. Déanfar measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar gach suíomh seachas na suíomhanna sin a liostaítear i mír 2.

   Beidh feidhm ag Pointí B agus C maidir le suíomh na bpointí samplála. Beidh feidhm ag na prionsabail arna mbunú le Pointí B agus C freisin a mhéid atá siad ábhartha chun na suíomhanna sonracha a shainaithint ina suitear tiúchan na dtruailleán ábhartha agus ina ndéantar measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh trí thomhais tháscacha nó trí shamhaltú.

2. Ní dhéanfar measúnú ar chomhlíontacht leis na teorainnluachanna atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint ar na suíomhanna seo a leanas:

   (a) aon suíomh atá lonnaithe laistigh de cheantair nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus nach bhfuil aon áit chónaithe sheasta iontu;

   (b) i gcomhréir le hAirteagal 4(1), ar áitribh mhonarchana nó ag láithreáin tionscail a bhfuil feidhm ag gach foráil ábhartha i dtaca le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre maidir leo;

   (c) ar charrbhealaigh bóithre; agus ar lárthearmainn bóithre seachas áiteanna ina mbíonn rochtain ag coisithe ar an lárthearmann de ghnáth.

## B. Lonnú macrascála pointí samplála

*1. Faisnéis*

Agus pointí samplála á lonnú, cuirfear san áireamh sonraí greillithe náisiúnta maidir le hastaíochtaí arna dtuairisciú faoi Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus sonraí astaíochtaí arna dtuairisciú faoin gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán.

---

[1] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

*2. Sláinte an duine a chosaint*

(a) Déanfar pointí samplála atá dírithe ar chosaint shláinte an duine a lonnú ar bhealach ina gcuirfear sonraí ar fáil faoi gach ceann de na nithe seo a leanas:

(i) leibhéil tiúchana sna ceantair laistigh de limistéir ina bhfuil na tiúchain is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu ar feadh tréimhse atá suntasach i ndáil le tréimhse mheánaithe an teorainnluacha nó na dteorainnluachanna,

(ii) leibhéil tiúchana i gceantair eile laistigh de na limistéir atá ina léiriú ar theagmháil an phobail i gcoitinne, agus

(iii) i gcás arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, na rátaí deascaidh lena léirítear teagmháil indíreach an phobail tríd an mbiashlabhra;

(b) déanfar pointí samplála a lonnú, go ginearálta, ar bhealach ina seachnófar tomhas ar mhicrea-thimpeallachtaí i ngarchomharsanacht an phointe samplála, rud a fhágann nach mór pointe samplála a lonnú ar bhealach ina mbeidh an t-aer sampláilte ionadaíoch do cháilíocht an aeir le haghaidh stráice sráide nach lú ná 100 m ar fad ag suíomhanna ina dtomhaistear rannchuidiú an tráchta bóithre agus ar a laghad 250 m × 250 m ag suíomhanna ina dtomhaistear an rannchuidiú ó laithreáin thionsclaíocha nó ó fhoinsí eile amhail calafoirt nó aerfoirt, i gcás inar féidir;

(c) déanfar cúlsuíomhanna uirbeacha a lonnú ionas go mbeidh tionchar ag an rannchuidiú comhtháite ó na foinsí go léir atá ar thaobh na gaoithe den phointe samplála ar a leibhéal truaillithe. Ní bheidh an chuid is mó den tionchar ag foinse aonair ar an leibhéal truaillithe ach amháin má tá a leithéid de chás tipiciúil i gceantar mór uirbeach. Mar riail ghinearálta, beidh na pointí samplála sin ionadaíoch do roinnt ciliméadar cearnach;

(d) i gcás inarb é an cuspóir tomhas a dhéanamh ar rannchuidiú an téimh bhaile, suiteálfar pointe samplála amháin ar a laghad laistigh de phríomhthreo gaoithe na bhfoinsí sin;

(e) i gcás inarb é an cuspóir measúnú a dhéanamh ar leibhéil i gceantair de chúlra tuaithe, ní bheidh tionchar ag ceantair uirbeacha ná laithreáin tionscail atá i ngarchomharsanacht an phointe samplála ar an bpointe samplála sin, i.e. laithreáin atá níos gaire ná 5 km;

(f) i gcás ina bhfuil measúnú le déanamh ar rannchuidithe ó fhoinsí tionsclaíocha, ó chalafoirt nó ó aerfoirt, déanfar pointe samplála amháin ar a laghad a shuiteáil ar chúl na gaoithe ón bhfoinse sa limistéar cónaithe is gaire. I gcás nach eol an tiúchan chúlra, déanfar pointe samplála breise a lonnú laistigh de phríomhthreo na gaoithe. Déanfar na pointí samplála a lonnú ar bhealach lenar féidir faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dteicnící is fearr atá ar fáil;

(g) beidh pointí samplála, i gcás inar féidir, ionadaíoch freisin do shuíomhanna comhchosúla nach bhfuil i ngarchomharsanacht na bpointí samplála. Sna limistéir ina bhfuil leibhéal na dtruailleán aeir os cionn na tairsí measúnaithe, saineofar go soiléir an limistéar a bhfuil gach pointe samplála ionadaíoch dó. Cumhdófar an limistéar

iomlán leis na limistéir ionadaíochais éagsúla a shainítear le haghaidh gach pointe samplála;

(h) tabharfar aird ar an ngá le pointí samplála a lonnú ar oileáin i gcás ina bhfuil gá leis sin chun sláinte an duine a chosaint;

(i) i gcás inar féidir, déanfar pointí samplála lena dtomhaistear arsanaic, cadmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a chomhlonnú le pointí samplála le haghaidh $PM_{10}$.

Agus an limistéar ionadaíochais spásúil á shainiú, breithneofar na saintréithe gaolmhara seo a leanas:

(a) féadfaidh fearainn neamh-chomhtheagmhálacha a áireamh sa limistéar geografach ach beidh teorainn lena leathnú mar gheall ar theorainneacha an limistéir cáilíochta aeir atá á bhreithniú;

(b) má dhéantar measúnú air trí shamhaltú, bainfear úsáid as córas samhaltaithe atá oiriúnach don fheidhm agus bainfear úsáid as tiúchain shamhaltaithe ar shuíomh an stáisiúin ionas nach ndéanfaidh claontachtaí córasacha tomhais shamhaltaithe an measúnú a shaobhadh;

(c) is féidir méadrachtaí eile seachas dearbhthiúchain a chur san áireamh (e.g. peircintílí);

(d) d'fhéadfadh athrú teacht ar na leibhéil lamháltais agus ar na scoithphointí a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh na dtruailleán éagsúil ag brath ar shaintréithe an stáisiúin;

(e) bainfear úsáid as meán bliantúil na tiúchana truailleáin breathnaithe mar an méadrach cáilíochta aeir le haghaidh bliain ar leith.

3. *Fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint*

Déanfar pointí samplála atá dírithe ar fhásta agus éiceachórais nádúrtha a chosaint a lonnú níos mó ná 20 km ar shiúl ó cheantair uirbeacha nó níos mó ná 5 km ar shiúl ó cheantair fhoirgnithe, láithreáin tionscail nó mótarbhealaí nó mórbhóithre ar a mbíonn níos mó ná 50 000 feithicil in aghaidh an lae, rud a fhágann nach mór pointe samplála a bheith lonnaithe ar bhealach lena mbeidh an t-aer sampláilte ionadaíoch do cháilíocht an aeir i gceantar máguaird atá 1 000 $km^2$ ar a laghad. Is féidir le Ballstát foráil a dhéanamh maidir le pointe samplála a lonnú níos gaire nó foráil a dhéanamh go mbeidh sé ionadaíoch do cháilíocht an aeir i limistéir nach bhfuil chomh leathnaithe, agus na coinníollacha geografacha nó na deiseanna chun limistéir íogaire a chosaint á gcur san áireamh.

Tabharfar aird ar an ngá measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir ar oileáin.

*4. Critéir bhreise maidir le pointí samplála ózóin*

Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le tomhais sheasta agus tháscacha:

| **Cineál pointe samplála** | **Cuspóirí tomhais** | **Ionadaíoch as** (1) | **Critéir maidir le lonnú macrascála** |
|---|---|---|---|
| Cúlsuíomhanna uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine a chosaint:<br><br>chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra i gceantair uirbeacha ar ózóin, i.e. in áit ina bhfuil dlús an daonra agus tiúchain ózóin measartha ard agus ionadaíoch do theagmháil an phobail i gcoitinne | 1 go 10 km$^2$ | Ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós tráchta, stáisiúin pheitril, etc.;<br><br>suíomhanna le gaothairí inar féidir leibhéil atá measctha go maith a thomhas;<br><br>suíomhanna ar nós limistéir chónaitheacha agus tráchtála i gcathracha, páirceanna (ar shiúl ó chrainn), sráideanna nó cearnóga leathana ar a bhfuil beagán tráchta nó gan aon trácht, limistéir oscailte den chineál a bhíonn ag áiseanna oideachais, spóirt nó áineasa, de ghnáth. |
| Suíomhanna fo-uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:<br><br>chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra agus an fhásra atá lonnaithe ar imeall an cheantair uirbigh, áit a bhfuil na leibhéil is airde ózóin is dócha a mbeidh an daonra agus an fásra i dteagmháil leo go díreach nó go hindíreach. | 10 go 100 km$^2$ | Fad áirithe ó limistéar na n-astaíochtaí uasta, ar chúl na gaoithe a leanann príomhthreo/príomhthreonna na gaoithe le linn coinníollacha atá fabhrach d'fhoirmiú ózóin;<br><br>i gcás ina bhfuil an daonra, barra leochaileacha nó éiceachórais nádúrtha atá lonnaithe ar imeall ceantair uirbigh neamhchosanta ar leibhéil arda ozóin;<br><br>i gcás inarb iomchuí, roinnt pointí samplála fo-uirbeacha atá ar thaobh na gaoithe de limistéar na n-astaíochtaí uasta, ionas go mbeifear in ann na leibhéil chúlracha réigiúnacha ózóin a chinneadh. |
| Suíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:<br><br>chun teagmháil an | Leibhéil fho-réigiúnacha | D'fhéadfadh pointí samplála a bheith lonnaithe i lonnaíochtaí beaga agus/nó ceantair ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | daonra, na mbarr agus éiceachórais nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála fo-réigiúnach a mheas. | (100 go 1 000 km$^2$) | foraoisí nó barra;<br><br>ionadaíoch d'ózón ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós láithreáin tionscail agus bóithre;<br><br>ag suíomhanna oscailte, ach ní ar mhullaigh sléibhte níos airde. |
| Cúlsuíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:<br><br>chun teagmháil barr agus éiceachóras nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála réigiúnach a mheas chomh maith le teagmháil an daonra. | Leibhéil réigiúnacha/ náisiúnta/ilchríochacha<br><br>(1 000 go 10 000 km$^2$) | Pointí samplála atá lonnaithe i gceantair ina bhfuil dlús daonra níos ísle, e.g. ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí, atá ar a laghad 20 km ó cheantair uirbeacha agus thionsclaíocha agus ar shiúl ó astaíochtaí áitiúla;<br><br>seachain suíomhanna atá faoi réir cruthú coinníollacha inbhéartaithe gar don talamh atá feabhsaithe go háitiúil, chomh maith le mullaigh sléibhte níos airde;<br><br>ní moltar láithreáin ar an gcósta áit a bhfuil timthriallta gaoithe laethúla suntasacha ag a bhfuil gné áitiúil. |

(1) Beidh pointí samplála, i gcás inar féidir, ionadaíoch freisin do shuíomhanna comhchosúla nach bhfuil i ngarchomharsanacht na bpointí samplála.

Maidir le pointí samplála le haghaidh suíomhanna tuaithe agus cúlsuíomhanna tuaithe, déanfar lonnú na bpointí samplála sin a chomhordú, i gcás inarb iomchuí, leis na ceanglais faireacháin i Rialachán (CE) Uimh. 1737/2006 ón gCoimisiún[2].

## C. Lonnú micreascála pointí samplála

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas a mhéid is indéanta:

(a) beidh an sreabhadh timpeall ionraon an phointe samplála neamhshrianta (go ginearálta saor i stua 270° ar a laghad, nó, i gcás pointí samplála ag an líne fhoirgníochta, i stua 180° ar a laghad) gan aon bhacainní a dhéanann difear don sreabhadh aeir i ngaireacht an ionraoin (ar a laghad 1,5 m ar shiúl ó fhoirgnimh, balcóin, crainn agus

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1737/2006 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2152/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán ar fhoraoiseacha agus idirghníomhú comhshaoil sa Chomhphobal (IO L 334, 30.11.2006, lch. 1).

ó bhacainní eile, agus ar a laghad 0,5 m ón bhfoirgneamh is gaire i gcás pointí samplála a léiríonn cáilíocht an aeir ag an líne fhoirgníochta);

(b) go ginearálta, beidh ionraon an phointe samplála idir 0,5 m (an limistéar análaithe) agus 4 m os cionn na talún. D'fhéadfadh lonnú níos airde (suas le 8 m) a bheith iomchuí má tá an pointe samplála ionadaíoch do limistéar mór (cúlsuíomh) nó in imthosca sonracha eile agus déanfar aon mhaolú a dhoiciméadú go hiomlán;

(c) ní chuirfear an tóireadóir ionraoin i ngarchomharsanacht foinsí ionas nach nglacfar isteach go díreach astaíochtaí nach bhfuil measctha leis an aer comhthimpeallach nach dócha a mbeidh an pobal neamhchosanta orthu;

(d) lonnófar sceithphíopa an tsamplóra ionas go seachnófar athshruthú aeir sceite chuig ionraon an tsamplóra;

(e) maidir le gach truailleán, beidh tóireadóirí samplála ar a laghad 25 m ar shiúl ó imeall mór-acomhal agus ní bheidh siad níos mó ná 10 m ó cholbha an chosáin; chun críocha an phointe seo. ciallaíonn 'colbha an chosáin' an líne a scarann trácht mótair ó limistéir eile; ciallaíonn 'mór-acomhal' acomhal a chuireann isteach ar an sreabhadh tráchta agus is cúis le hastaíochtaí eile (astaíochtaí stoptha agus imeachta) i gcomparáid leis an gcuid eile den bhóthar;

(f) maidir leis na tomhais ar dheascadh i gcúlsuíomhanna tuaithe, beidh feidhm ag treoirlínte agus critéir EMEP a mhéid is féidir;

(g) maidir leis an tomhas ar ózón, áiritheoidh na Ballstáit go lonnófar an pointe samplála i bhfad ó fhoinsí amhail foirnéisí agus múcháin loiscthe, agus níos mó ná 10 m ón mbóthar is gaire, agus an t-achar á mhéadú mar fheidhm de dhlús an tráchta.

Féadfar na tosca seo a leanas a chur san áireamh freisin:

(a) foinsí trasnaíochta;

(b) slándáil;

(c) rochtain;

(d) infhaighteacht cumhachta leictrí agus cumarsáide teileafóin;

(e) infheictheacht an láithreáin i dtaca lena thimpeallacht;

(f) sábháilteacht an phobail agus na n-oibreoirí;

(g) a inmhianaithe atá sé pointí samplála le haghaidh truailleáin éagsúla a chomhlonnú;

(h) ceanglais phleanála.

## D. Láithreán a roghnú, a athbhreithniú agus a dhoiciméadú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as measúnú ar cháilíocht an aeir, na nósanna imeachta maidir le roghnú láithreáin a dhoiciméadú go hiomlán le haghaidh gach limistéir agus déanfaidh siad faisnéis a thaifeadadh chun tacú le dearadh an líonra agus leis an rogha láithreáin i gcás gach láithreáin faireacháin. Tacófar le dearadh an líonra faireacháin ar a laghad trí shamhaltú nó trí thomhais tháscacha.

2. Áireofar leis an doiciméadacht suíomh na bpointí samplála trí chomhordanáidí spásúla, léarscáileanna mionsonraithe agus áireofar inti faisnéis maidir le hionadaíochas spásúil na bpointí samplála uile.

3. Áireofar leis na doiciméid aon athrú ar na critéir maidir le lonnú micreascála, na cúiseanna is bunús leis an athrú sin agus an tionchar is dócha a bheidh aige sin ar na leibhéil thomhaiste.

4. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha, samhaltú nó meastachán oibiachtúil, nó meascán díobh sin laistigh de limistéar, áireofar leis an doiciméadacht mionsonraí maidir leis na modhanna sin agus faisnéis maidir leis an gcaoi a gcomhlíontar na critéir a liostaítear in Airteagal 9(3).

5. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha, samhaltú nó meastachán oibiachtúil, úsáidfidh na húdaráis inniúla sonraí greillithe a thuairiscítear faoi Threoir (AE) 2016/2284 agus faisnéis maidir le hastaíochtaí a thuairiscítear faoi Threoir 2010/75/AE.

6. Maidir leis an tomhas ar ózón, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm scagadh ceart agus léirmhíniú ceart ar na sonraí faireacháin i gcomhthéacs na bpróiseas meitéareolaíochta agus fótaceimiceach a dhéanann difir do na tiúchain ózóin a thomhaistear ar na suíomhanna faoi seach.

7. Nuair is infheidhme, áireofar leis an doiciméadacht liosta na substaintí réamhtheachtaithe ózóin, an cuspóir atáthar a iarraidh lena dtomhas agus na modhanna a úsáidtear lena sampláil agus lena dtomhas.

8. Nuair is infheidhme, áireofar freisin leis an doiciméadacht faisnéis maidir leis na modhanna tomhais a úsáidtear chun tomhas a dhéanamh ar chomhdhéanamh ceimiceach $PM_{2,5}$.

9. Déanfar athbhreithniú gach 5 bliana ar a laghad ar na critéir roghnúcháin, ar dhearadh an líonra agus ar shuíomhanna na láithreán faireacháin, arna sainiú ag na húdaráis inniúla i bhfianaise cheanglais na hIarscríbhinne seo, chun a áirithiú go mbeidh siad fós bailí agus optamach le himeacht ama. Tacófar leis an athbhreithniú ar a laghad trí shamhaltú nó trí thomhais tháscacha.

10. Tabharfar an doiciméadacht cothrom le dáta tar éis gach athbhreithnithe agus athruithe ábhartha eile ar an líonra faireacháin, agus cuirfear ar fáil don phobal í trí bhealaí cumarsáide iomchuí

# IARSCRÍBHINN V

## CUSPÓIRÍ CÁILÍOCHTA SONRAÍ

### A. Neamhchinnteacht maidir le tomhais agus samhaltú le haghaidh an mheasúnaithe ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh

*1. Neamhchinnteacht maidir le meántiúchain fhadtéarmacha a thomhas agus a shamhaltú (meán bliantúil)*

| **Truailleán aeir** | **Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta** | | **Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1)** | | **Cóimheas uasta idir neamhchinnteacht maidir le samhaltú agus meastachán oibiachtúil agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Luach absalóideach** | **Luach coibhneasta** | **Luach absalóideach** | **Luach coibhneasta** | **Cóimheas uasta** |
| **$PM_{2,5}$** | 3,0 µg/m$^3$ | 30 % | 4,0 µg/m$^3$ | 40 % | 1,7 |
| **$PM_{10}$** | 4,0 µg/m$^3$ | 20 % | 6,0 µg/m$^3$ | 30 % | 1,3 |
| **$NO_2$ / $NO_x$** | 6,0 µg/m$^3$ | 30 % | 8,0 µg/m$^3$ | 40 % | 1,4 |
| **Beinséin** | 0,75 µg/m$^3$ | 25 % | 1,2 µg/m$^3$ | 35 % | 1,7 |
| **Luaidhe** | 0,125 µg/m$^3$ | 25 % | 0,175 µg/m$^3$ | 35 % | 1,7 |
| **Arsanaic** | 2,4 ng/m$^3$ | 40 % | 3,0 ng/m$^3$ | 50 % | 1,1 |
| **Caidmiam** | 2,0 ng/m$^3$ | 40 % | 2,5 ng/m$^3$ | 50 % | 1,1 |
| **Nicil** | 8,0 ng/m$^3$ | 40 % | 10,0 ng/m$^3$ | 50 % | 1,1 |
| **Beinsi[a]piréin** | 0,5 ng/m$^3$ | 50 % | 0,6 ng/m$^3$ | 60 % | 1,1 |

(1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní hamháin: dearadh nó athbhreithniú an líonra faireacháin, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist.

*2. Neamhchinnteacht maidir le meántiúchain mheántéarmacha a thomhas agus a shamhaltú*

| **Truailleán aeir** | **Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta** | | **Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1)** | | **Cóimheas uasta idir neamhchinnteacht maidir le samhaltú agus meastachán oibiachtúil agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Luach absalóideach** | **Luach coibhneasta** | **Luach absalóideach** | **Luach coibhneasta** | **Cóimheas uasta** |
| **$PM_{2,5}$ (24 uair an chloig)** | 6,3 µg/m$^3$ | 25 % | 8,8 µg/m$^3$ | 35 % | 2,5 |
| **$PM_{10}$ (24 uair an chloig)** | 11,3 µg/m$^3$ | 25 % | 22,5 µg/m$^3$ | 50 % | 2,2 |
| **$NO_2$ (laethúil)** | 7,5 µg/m$^3$ | 15 % | 12,5 µg/m$^3$ | 25 % | 3,2 |
| **$NO_2$ (in aghaidh na huaire)** | 30 µg/m$^3$ | 15 % | 50 µg/m$^3$ | 25 % | 3,2 |
| **$SO_2$ (laethúil)** | 7,5 µg/m$^3$ | 15 % | 12,5 µg/m$^3$ | 25 % | 3,2 |
| **$SO_2$ (in aghaidh na huaire)** | 52,5 µg/m$^3$ | 15 % | 87,5 µg/m$^3$ | 25 % | 3,2 |
| **CO (24 uair an chloig)** | 0,6 mg/m$^3$ | 15 % | 1,0 mg/m$^3$ | 25 % | 3,2 |
| **CO (8 n-uaire an chloig)** | 1,0 mg/m$^3$ | 10 % | 2,0 mg/m$^3$ | 20 % | 4,9 |
| **Ózón (buaicshéasúr): neamhchinnteacht na luachanna 8 n-uaire an chloig** | 10,5 µg/m$^3$ | 15 % | 17,5 µg/m$^3$ | 25 % | 1,7 |
| **Ózón (meán 8 n-uaire an chloig)** | 18 µg/m$^3$ | 15 % | 30 µg/m$^3$ | 25 % | 2,2 |

(1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní

hamháin: dearadh nó athbhreithniú an líonra faireacháin, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist.

Maidir le neamhchinnteacht tomhais (arna sloinneadh ar leibhéal muiníne 95 %) na modhanna measúnuithe, déanfar í a ríomh i gcomhréir le caighdeán EN gach truailleáin faoi seach. Maidir le modhanna nach bhfuil aon chaighdeán ar fáil ina leith, déanfar meastóireacht ar neamhchinnteacht an mhodha mheasúnuithe i gcomhréir le prionsabail an Chomhchoiste um Threoraíocht sa Mhéadreolaíocht (JCGM) 100:2008 'Evaluation of measurement data - Guide to the expression of uncertainty in measurement' [Meastóireacht ar shonraí tomhais - Treoir maidir le Neamhchinnteacht a Shloinneadh i dTomhas'] agus i gcomhréir leis an modheolaíocht i gCuid 5 de ISO 5725:1998. I gcás tomhais tháscacha, déanfar neamhchinnteacht a ríomh i gcomhréir leis an treoir maidir le léiriú na coibhéise dá dtagraítear i Roinn B d'Iarscríbhinn VI.

Tá feidhm ag na céatadáin le haghaidh neamhchinnteachta atá sna táblaí sa Roinn seo maidir le gach teorainnluach (agus maidir leis an spriocluach ózóin) a ríomhtar trí mheánú simplí tomhas aonair amhail luachanna an mheáin in aghaidh na huaire, an mheáin laethúil nó an mheáin bhliantúil, gan breithniú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht bhreise maidir leis an líon sáruithe a ríomh. Déanfar an neamhchinnteacht a léirmhíniú mar ní is infheidhme i réigiún na dteorainnluachanna iomchuí (nó i réigiún an spriocluacha ózóin). Níl feidhm ag ríomh na neamhchinnteachta maidir le AOT40 agus le luachanna lena n-áirítear níos mó ná bliain amháin, níos mó ná stáisiún amháin (e.g. AEI) nó níos mó ná comhpháirt amháin. Níl feidhm acu freisin maidir le tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus leibhéil chriticiúla chun fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint.

Maidir le neamhchinnteacht na sonraí tomhais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, ní rachaidh sí thar an luach absalóideach ná an luach coibhneasta arna shloinneadh sa Roinn seo.

Socraítear an neamhchinnteacht uasta maidir le samhaltú mar an neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta arna hiolrú faoin gcóimheas uasta is infheidhme. Déanfar an sprioc cháilíochta samhaltaithe (i.e. táscaire cáilíochta samhaltaithe níos lú nó cothrom le 1) a fhíorú ar a laghad ag 90 % de na pointí faireacháin atá ar fáil, ar fud an limistéir mheasúnuithe agus thar an tréimhse a breithníodh. Ag pointe faireacháin ar leith, déanfar an táscaire cáilíochta samhaltaithe a ríomh mar an cóimheas idir earráid/earráidí fhréamh mheán na gcearnóg idir torthaí samhaltaithe agus tomhais thar fhréamh chearnach shuim chuadratach/shuimeanna cuadratacha na neamhchinnteachtaí samhaltaithe agus tomhais, thar thréimhse iomlán mheasúnaithe. Tabhair faoi deara go laghdóidh an tsuim go luach amháin tráth a chuirtear acmhainní bliantúla san áireamh. Úsáidfear gach tomhas seasta atá i gcomhréir leis na hoibleagáidí cáilíochta sonraí (i.e. neamhchinnteacht tomhais agus cumhdach sonraí tomhais mar a shonraítear i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn seo, faoi seach) atá lonnaithe i limistéar an mheasúnaithe samhaltaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar neamhchinnteacht an tsamhaltaithe. Tabhair faoi deara go ndéanfar an cóimheas uasta a léirmhíniú mar chóimheas is infheidhme thar an raon tiúchana ar fad.

I gcás meántiúchain ghearrthéarmacha, is é an neamhchinnteacht uasta maidir le sonraí tomhais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an gcuspóir cáilíochta samhaltaithe an neamhchinnteacht absalóideach arna ríomh trí úsáid a bhaint as an luach coibhneasta arna shloinneadh sa Roinn seo, thar an teorainnluach agus laghdóidh sé go líneach ón luach

absalóideach ag an teorainnluach, go tairseach ag tiúchan nialasach[3]. Comhlíonfar na cuspóirí cáilíochta samhaltaithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon.

Agus samhaltú á dhéanamh ar mheántiúchain bhliantúla beinséine, luaidhe, arsanaice, caidmiam, nicile agus beinsi(a)piréine, ní rachaidh an neamhchinnteacht uasta maidir le sonraí tomhais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an oibleagáid cáilíochta samhaltaithe thar an luach coibhneasta arna shloinneadh sa Roinn seo.

Agus samhaltú á dhéanamh ar mheántiúchain bhliantúla $PM_{2,5}$, $PM_{10}$, agus dé-ocsáide nítrigine, ní rachaidh an neamhchinnteacht uasta maidir le sonraí tomhais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an oibleagáid cáilíochta samhaltaithe thar an luach absalóideach ná an luach coibhneasta arna sloinneadh sa Roinn seo.

I gcás ina n-úsáidtear samhail cáilíochta aeir chun measúnú a dhéanamh, tiomsófar tagairtí do thuairiscí ar an tsamhail agus faisnéis maidir le ríomh na hoibleagáide cáilíochta samhaltaithe.

Ní rachaidh neamhchinnteacht an mheastacháin oibiachtúil thar an neamhchinnteacht maidir le tomhais tháscacha faoi níos mó ná an cóimheas uasta is infheidhme agus ní rachaidh sé thar 85 %. Sainítear an neamhchinnteacht maidir le meastachán oibiachtúil mar uasdiallas na leibhéal tiúchana tomhaiste agus ríofa, thar an tréimhse a breithníodh, leis an teorainnluach (nó an spriocluach ózóin), gan uainiú na dteagmhas a chur san áireamh.

[3] Socrófar an tairseach ag 4, 3, 10, 3 agus 5 ug/$m^3$ le haghaidh $PM_{10}$, $PM_{2,5}$, $O_3$, $NO_2$ agus $SO_2$, faoi seach agus 0,5 mg/$m^3$ le haghaidh CO. Is léiriú iad na luachanna sin ar staid an eolais agus tabharfar cothrom le dáta iad go tráthrialta gach 5 bliana ar a laghad, chun forbairtí úrscothacha a léiriú.

**B. Cumhdach sonraí tomhas le haghaidh measúnú ar cháilíocht an aeir**

Tagraíonn 'cumhdach sonraí' don chion den tréimhse tomhais a bhfuil sonraí tomhais bailí ar fáil ina leith, arna shloinneadh mar chéatadán.

| **Truailleán aeir** | **Cumhdach sonraí íosta** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Tomhais sheasta** | | **Tomhais tháscacha** | |
| | **Meáin bhliantúla** | **Meáin 1-uair an chloig, 8 n-uaire an chloig nó 24-uair an chloig(1)** | **Meáin bhliantúla** | **Meáin 1-uair an chloig, 8 n-uaire an chloig nó 24-uair an chloig(1)** |
| **$SO_2$, $NO_2$/NOx, CO, $O_3$** | 85 % (2) | 75 % (3) | 13 % | 50 % (4) |
| **$PM_{10}$, $PM_{2,5}$** | 85 % | 75 % | 13 % | 50 % |
| **Beinséin** | 85 % | - | 13 % | - |
| **Beinsi(a)piréin, hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAH), mearcair gásach iomlán** | 30 % | - | 13 % | - |
| **As, Cd, Ni, Pb** | 45 % | - | 13 % | - |
| **BC, Amóinia ($NH_3$), UFP, dáileadh UFP ar cháithníní de réir méide** | 80 % | - | 13 % | - |
| **Deascadh Iomlán** | - | - | 30 % | - |

(1) I gcás $O_3$ agus CO, chun an 'meán laethúil uasta 8 n-uair an chloig' a ríomh d'aon lá sonrach, is gá 75 % de na meáin ghluaisteacha ocht n-uaire an chloig in aghaidh na huaire a úsáid (i.e. 18 meán ocht n-uaire an chloig in aghaidh an lae).

(2) I gcás $O_3$, ní mór na ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta a chomhlíonadh le haghaidh na bliana féilire ina hiomláine, agus le haghaidh na dtréimhsí ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair, agus ó mhí Dheireadh Fómhair go mí an Mhárta, faoi seach.

Maidir leis an measúnú ar AOT40, ní mór na ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta ózóin a chomhlíonadh le linn na tréimhse ama a shainítear chun an luach AOT40 a ríomh.

(3) Chun measúnú a dhéanamh ar mheánluachanna bliantúla, féadfaidh na Ballstáit tomhais randamacha a chur i bhfeidhm in áit tomhais leanúnacha más féidir leo a léiriú don Choimisiún go gcomhlíonann an neamhchinnteacht, lena n-áirítear an neamhchinnteacht mar gheall ar shampláil randamach, na cuspóirí cáilíochta sa tábla agus go bhfuil an cumhdach ama go fóill os cionn an chumhdaigh sonraí íosta le haghaidh tomhais tháscacha. Ní mór sampláil randamach a bheith leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana ionas nach

gcuirfí torthaí ar sceabha. Féadfar an neamhchinnteacht mar gheall ar shampláil randamach a chinneadh leis an nós imeachta a leagtar síos in ISO 11222 (2002)'Air Quality — Determination of the Uncertainty of the Time Average of Air Quality Measurements' ['Cáilíocht an Aeir — An Neamhchinnteacht maidir le Meán Ama na dTomhas ar Cháilíocht an Aeir a Chinneadh'].

(4) I gcás $O_3$, tá feidhme ag cumhdach sonraí íosta maidir leis an tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair (níl gá le haon chritéar de chumhdach sonraí íosta le linn thréimhse an gheimhridh).

Déanfar tomhais sheasta ar $SO_2$, $NO_2$, CO, $O_3$, $PM_{10}$, $PM_{2,5}$ agus ar bheinséin go leanúnach le linn na bliana féilire iomláine.

I gcásanna eile, tá na tomhais le dáileadh go cothrom thar an mbliain féilire (nó thar an tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair le haghaidh tomhais tháscacha ar $O_3$). Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh agus chun a áirithiú nach gcuirfear torthaí as a riocht mar gheall ar chaillteanas sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, comhlíonfar na ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta le haghaidh tréimhsí sonracha (ráithe, mí, lá i rith na seachtaine) den bhliain iomlán ag brath ar an truailleán agus ar mhodh/minicíocht an tomhais.

Chun measúnú a dhéanamh ar mheánluachanna bliantúla trí thomhais tháscacha, féadfaidh na Ballstáit tomhais randamacha a chur i bhfeidhm in áit tomhais leanúnacha más féidir leo a léiriú go gcomhlíonann an neamhchinnteacht, lena n-áirítear an neamhchinnteacht mar gheall ar shampláil randamach, na cuspóirí cáilíochta sonraí is gá agus an cumhdach sonraí íosta le haghaidh tomhais tháscacha. Déanfar an tsampláil randamach sin a dháileadh go cothrom ar feadh na bliana ionas nach gcuirfí torthaí ar sceabha. Féadfar an neamhchinnteacht mar gheall ar shampláil randamach a chinneadh leis an nós imeachta a leagtar síos in ISO 11222 (2002)'Air Quality — Determination of the Uncertainty of the Time Average of Air Quality Measurements' ['Cáilíocht an Aeir — An Neamhchinnteacht maidir le Meán Ama na dTomhas ar Cháilíocht an Aeir a Chinneadh'].

Sna ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta, ní áirítear caillteanas sonraí mar gheall ar chalabrú rialta nó gnáthchothabháil na hionstraimíochta. Ní dhéanfar cothabháil den sórt sin le linn buaicthréimhsí truaillithe.

Tá gá le sampláil 24 uair an chloig chun beinsi(a)piréin agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile a thomhas. Féadfar samplaí aonair a thógtar thar thréimhse suas le mí amháin a chomhcheangal agus a anailísiú mar shampla ilchodach, ar choinníoll go n-áirithítear leis an modh go bhfuil na samplaí cobhsaí don tréimhse sin. D'fhéadfadh sé a bheith deacair na trí chomhaicmeach beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[j]fluaraintéin agus beinsea(k)fluaraintéin a réiteach go hanailíseach. Sna cásanna sin, is féidir iad a thuairisciú mar shuim le chéile. Ní mór an tsampláil a scaipeadh go cothrom i rith na seachtaine agus i rith na bliana. Chun rátaí deascaidh a thomhas go míosúil, nó go seachtainiúil, moltar samplaí i rith na bliana a úsáid.

Thairis sin, beidh feidhm freisin ag na forálacha sin i dtaca le samplaí aonair maidir le harsanaic, caidmiam, nicil agus mearcair gásach iomlán. Thairis sin, ceadaítear foshampláil scagairí $PM_{10}$ i gcás miotal chun anailís a dhéanamh ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil fianaise ann go bhfuil an foshampla ionadaíoch don iomlán agus nach gcuirtear íogaireacht an bhraith i mbaol nuair a chuirtear i gcomparáid í leis na cuspóirí cáilíochta sonraí ábhartha. Mar rogha mhalartach ar an tsampláil laethúil,

ceadaítear an tsampláil sheachtainiúil i gcás miotal in $PM_{10}$ ar choinníoll nach gcuirtear na saintréithe bailiúcháin i mbaol.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as fliuchshampláil amháin, in ionad na hollshampláala, más féidir leo a léiriú go bhfuil an difríocht eatarthu laistigh de 10 %. Tabharfar rátaí deascaidh, go ginearálta, mar $\mu g/m^2$ in aghaidh an lae.

**C. Modhanna chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht agus meastachán a dhéanamh ar pharaiméadair staidrimh chun cumhdach íseal sonraí nó caillteanais shuntasacha sonraí a chur san áireamh**

Déanfar measúnú ar chomhlíontacht leis an teorainnluach ózóin ábhartha agus an spriocluach ózóin ábhartha gan beann ar cé acu a bhaintear nó nach mbaintear amach na cuspóirí cáilíochta sonraí, ar choinníoll gur féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh leis na sonraí atá ar fáil. I gcásanna a bhaineann leis na teorainnluachanna ózóin agus spriocluachanna ózóin gearrthéarmacha, d'fhéadfadh neamh-chomhlíontacht a bheith i gceist le tomhais nach gcumhdaíonn ach codán den bhliain féilire, agus nach dtagann sonraí bailí leordhóthanacha astu mar a cheanglaítear le Pointe B. I gcás inarb amhlaidh atá, agus nach bhfuil forais shoiléire ann le bheith in amhras faoi cháilíocht na sonraí bailí a fuarthas, measfar gur sárú ar an teorainnluach nó ar an spriocluach é sin agus tuairisceofar mar sin é.

**D. Torthaí an mheasúnaithe ar cháilíocht aeir**

Tiomsófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh limistéir ina n-úsáidtear samhaltú cáilíochta aeir nó meastachán oibiachtúil:

(a) tuairisc ar ghníomhaíochtaí measúnaithe a rinneadh,

(b) na modhanna sonracha a úsáideadh, le tagairtí do thuairiscí ar an modh,

(c) foinsí na sonraí agus na faisnéise,

(d) tuairisc ar thorthaí, lena n-áirítear neamhchinnteachtaí agus, go háirithe, méid aon limistéir nó, más ábhartha, fad an bhóthair laistigh den limistéar thar a sáraíonn tiúchain aon teorainnluach, spriocluach ózóin nó cuspóir fadtéarmach, agus méid aon limistéir ina sáraíonn tiúchain an tairseach mheasúnaithe,

(e) an daonra a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le leibhéil atá os cionn aon teorainnluacha chun sláinte an duine a chosaint.

**E. Dearbhú cáilíochta le haghaidh measúnú ar cháilíocht an aeir. Bailíochtú sonraí**

1. Chun beachtas tomhais agus comhlíontacht leis na cuspóirí cáilíochta sonraí a leagtar síos i bPointe A a áirithiú, déanfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla iomchuí arna n-ainmniú de bhun Airteagal 5 an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh gach tomhas a dhéanfar i dtaca le measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh de bhun Airteagal 8 inrianaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin;

(b) go mbeidh córas seanbhunaithe dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta ag na hinstitiúidí a oibríonn líonraí agus pointí samplála aonair, córas lena bhforáiltear do chothabháil rialta feistí tomhais, chun cruinneas leanúnach na bhfeistí tomhais a áirithiú. Déanfaidh an tsaotharlann náisiúnta tagartha ábhartha athbhreithniú ar an gcóras cáilíochta de réir mar is gá agus gach 5 bliana ar a laghad;

(c) go gcuirfear próiseas dearbhaithe cáilíochta/rialaithe cáilíochta ar bun don phróiseas bailiúcháin sonraí agus tuairiscithe agus go nglacfaidh na heagraíochtaí a cheapfar don chúram sin páirt ghníomhach sna cláir bhainteacha dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais;

(d) gurb é an t-údarás nó an comhlacht inniúil iomchuí de bhun Airteagal 5 den Treoir seo a cheapann na saotharlanna náisiúnta tagartha agus go bhfuil siad creidiúnaithe le haghaidh na modhanna tagartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir seo, ar a laghad i gcás na dtruailleán sin ar ina leith atá na leibhéil tiúchana os cionn na tairsí measúnaithe, de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 2(9) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh. Beidh na saotharlanna sin freagrach freisin as an gcomhordú ar chríoch na mBallstát de na cláir dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais a eagróidh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin agus beidh siad freagrach as comhordú a dhéanamh freisin, ar an leibhéal náisiúnta, ar úsáid iomchuí modhanna tagartha agus ar léiriú coibhéise modhanna neamhthagartha. Déanfar saotharlanna náisiúnta tagartha a eagraíonn idirchomparáid ar an leibhéal náisiúnta a chreidiúnú freisin de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha maidir le tástáil inniúlachta;

(e) go nglacfaidh na saotharlanna náisiúnta tagartha páirt gach 3 bliana ar a laghad sna cláir dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais a eagraíonn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ar a laghad le haghaidh na dtruailleán sin a bhfuil leibhéil a dtiúchana os cionn na tairsí measúnaithe. Moltar rannpháirtíocht i gcás truailleáin eile. Má thagann torthaí míshásúla as an rannpháirtíocht sin, léireoidh an tsaotharlann náisiúnta bearta feabhais sásúla an chéad uair eile a ghlacann sé páirt san idirchomparáid, agus tuarascáil a chur ar fáil don Airmheán Comhpháirteach Taighde maidir leis na bearta sin;

(f) go dtacóidh na saotharlanna náisiúnta tagartha leis an obair atá déanta ag an líonra Eorpach de Shaotharlanna Náisiúnta Tagartha a bhunaigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin;

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

(g) go mbeidh an líonra Eorpach de Shaotharlanna Náisiúnta Tagartha freagrach as athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh, gach 5 bliana ar a laghad, ar na neamhchinnteachtaí tomhais a liostaítear sa chéad dá cholún de Tháblaí 1 agus 2 den Iarscríbhinn seo agus as aon athrú is gá a dhéanamh a mholadh ina dhiaidh sin don Choimisiún.

2. Measfar na sonraí tuairiscithe uile faoi Airteagal 23 a bheith bailí ach amháin sonraí arna sonrú mar shonraí sealadacha iad.

## F. Cuir chuige chomhchuibhithe maidir le samhaltú cáilíochta aeir a chur chun cinn

1. Maidir leis an úsáid chomhchuibhithe a bhaineann na húdaráis inniúla as cuir chuige samhaltaithe cáilíochta aeir atá fónta ó thaobh na heolaíochta, chun an úsáid sin a chur chun cinn agus chun tacú leis an úsáid sin, áiritheoidh na húdaráis agus na comhlachtaí inniúla iomchuí arna n-ainmniú de bhun Airteagal 5 an méid seo a leanas:

(a) go nglacfaidh na hinstitiúidí tagartha ainmnithe páirt sa líonra Eorpach um shamhaltú cáilíochta aeir a bhunaigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin;

(b) go ndéanfar an dea-chleachtas maidir le samhaltú cáilíochta aeir arna sainaithint ag an líonra trí chomhthoil eolaíoch a ghlacadh agus samhaltú cáilíochta aeir á chur i bhfeidhm chun ceanglais dlí a chomhlíonadh de bhun reachtaíocht an Aontais, gan dochar d’oiriúnuithe is gá a dhéanamh ar shamhlacha mar gheall ar imthosca aonair;

(c) go ndéanfar seiceáil go tréimhsiúil ar cháilíocht chur i bhfeidhm ábhartha an tsamhaltaithe cáilíochta aeir agus go gcuirfear feabhas air trí chleachtaí idirchomparáideacha arna n-eagrú ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin;

(d) go mbeidh an líonra Eorpach um shamhaltú cáilíochta aeir freagrach as athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh, gach 5 bliana ar a laghad, ar chóimheas na neamhchinnteachtaí samhaltaithe a liostaítear sna colúin dheireanacha de Tháblaí 1 agus 2 den Iarscríbhinn seo agus as aon athrú is gá a dhéanamh a mholadh ina dhiaidh sin don Choimisiún.

## IARSCRÍBHINN VI

## MODHANNA TAGARTHA CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIÚCHAIN IN AER COMHTHIMPEALLACH AGUS AR RÁTAÍ DEASCAIDH

**A. Modhanna tagartha chun measúnú a dhéanamh ar thiúchain de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2,5}$), luaidhe, beinséin, aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil, hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, ózón agus truailleáin eile san aer comhthimpeallach agus sna rátaí deascaidh**

*1. Modh tagartha chun dé-ocsaíd sulfair a thomhas in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14212:2012 'Ambient air quality — Standard method for the measurement of the concentration of sulphur dioxide by ultraviolet fluorescence' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun an tiúchan dé-ocsaíde sulfair a thomhas trí fhluaraiseacht ultraivialaite'], sin é an modh tagartha chun dé-ocsaíd sulfair a thomhas.

*2. Modh tagartha chun dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine a thomhas in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14211:2012 'Ambient air quality — Standard method for the measurement of the concentration of nitrogen dioxide and nitrogen monoxide by chemiluminescence' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun an tiúchan dé-ocsaíde nítrigine agus aonocsaíde nítrigine a thomhas trí cheimealonracht'], sin é an modh tagartha chun dé-ocsaíd nítrigine agus aonocsaíd nítrigine a thomhas.

*3. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar $PM_{10}$ in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass fraction of suspended particulate matter' [Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun $PM_{10}$ a shampláil agus a thomhas.

*4. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar $PM_{2,5}$ in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass concentration of suspended particulate matter' [Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun $PM_{2,5}$ a shampláil agus a thomhas.

*5. Modh tagartha chun sampláil agus thomhas a dhéanamh ar luaidhe, arsanaic, caidmiam agus nicil in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass fraction of suspended particulate matter' [Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun luaidhe, arsanaic, caidmiam agus nicil a shampláil. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14902:2005 'Standard method for measurement of Pb/Cd/As/Ni in the $PM_{10}$ fraction of suspended particulate matter' ['Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar Pb/Cd/As/Ni i gcodán $PM_{10}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh'], sin é an modh tagartha chun luaidhe, arsanaic, cadmiam agus nicil a thomhas.

*6. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar bheinséin in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14662, cuid 1 (2005), cuid 2 (2005) agus cuid 3 (2016) 'Ambient air quality — Standard method for measurement of benzene concentrations'['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar thiúchain bheinséine'], sin é an modh tagartha chun beinséin a shampláil agus a thomhas.

*7. Modh tagartha chun aonocsaíd charbóin a thomhas in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14626:2012 'Ambient air — Standard method for the measurement of the concentration of carbon monoxide by non-dispersive infrared spectroscopy' ['Aer comhthimpeallach — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar an tiúchan d'aonocsaíd charbóin trí speictreascópacht infridhearg neamhscaipthe'], sin é an modh tagartha chun aonocsaíd charbóin a thomhas.

*8. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass concentration of suspended particulate matter' [Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a shampláil in aer comhthimpeallach. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15549:2008 'Air quality — Standard method for the measurement of the concentration of benzo[a]pyrene in ambient air' ['Cáilíocht an Aeir — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar an tiúchan beinsi[a]piréine in aer comhthimpeallach'], sin é an modh tagartha chun beinsi[a]piréin a thomhas in aer comhthimpeallach. In éagmais modh caighdeánach CEN le haghaidh na hidreacarbón il-timthriallach aramatach eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6), ceadaítear do na Ballstáit úsáid a bhaint as modhanna caighdeánacha náisiúnta nó modhanna ISO amhail caighdeán ISO 12884.

*9. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar mhearcair in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15852:2010 'Ambient air quality — Standard method for the determination of total gaseous mercury'['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh —

Modh caighdeánach chun an mearcair gásach iomlán a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun tomhas a dhéanamh ar thiúchain de mhearcair gásach iomlán in aer comhthimpeallach.

*10. Modh tagartha chun sampláil agus anailís a dhéanamh ar an deascadh d'arsanaic, de chaidmiam, de nicil, de mhearcair agus de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15841:2009 'Ambient air quality — Standard method for determination of arsenic, cadmium, lead and nickel in atmospheric deposition' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun arsanaic, cadmiam, luaidhe agus nicil sa deascadh atmaisféarach a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh d'arsanaic, de chaidmiam agus de nicil a chinneadh.

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15853:2010 'Ambient air quality — Standard method for determination of mercury deposition' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun an deascadh de mhearcair a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh de mhearcair a chinneadh.

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15980:2011 'Air quality — Determination of the deposition of benz[a]anthracene, benzo[b]fluoranthene, benzo[j]fluoranthene, benzo[k]fluoranthene, benzo[a]pyrene, dibenz[a,h]anthracene and indeno[1,2,3-cd]pyrene' ['Cáilíocht an aeir — An deascadh de bheansantraicéin, de bheinsea[b]fluaraintéin, de bheinsea[j]fluaraintéin, de bheinsea[k]fluaraintéin, de bheinsi[a]piréin, de débheans[a,h]antraicéin agus d'indéini[1,2,3-cd]piréin a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh de bheinsi(a)piréin agus de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6) a chinneadh.

*11. Modh tagartha chun tomhas a dhéanamh ar ózón in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14625:2012 'Ambient air — Standard method for the measurement of the concentration of ozone by ultraviolet photometry' ['Aer comhthimpeallach — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar an tiúchan ózóin trí fhótaiméadracht ultraivialait'], sin é an modh tagartha chun ózón a thomhas.

*12. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar comhdhúile so-ghalaithe orgánacha ar substaintí réamhtheachtacha ózóin iad in aer comhthimpeallach*

In éagmais modh caighdeánach de chuid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN) chun sampláil agus tomhais a dhéanamh ar chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha ar substaintí réamhtheachtacha ózóin iad in aer comhthimpeallach cé is moite de bheinséin, féadfaidh na Ballstáit na modhanna samplála agus tomhais a úsáideann siad a roghnú, i gcomhréir le hIarscríbhinn V agus na cuspóirí tomhais a leagtar amach i Roinn 2, Pointe A, d'Iarscríbhinn VII á gcur san áireamh.

*13. Modh tagartha chun sampláil agus thomhas a dhéanamh ar charbón eiliminteach agus ar charbón orgánach in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass concentration of suspended particulate matter' ['Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um

thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun carbón eiliminteach agus carbón orgánach a shampláil. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 16909:2017 'Ambient aer - Measurement of elemental carbon (EC) and organic carbon (OC) collected on filters' ['Aer comhthimpeallach - Tomhas a dhéanamh ar charbón eiliminteach (EC) agus ar charbón orgánach (OC) a bhailítear ar scagairí'], sin é an modh tagartha chun carbón eiliminteach agus carbón orgánach in aer comhthimpeallach a thomhas.

*14. Modh tagartha chun sampláil agus tomhas a dhéanamh ar $NO_3^-$, $SO_4^{2-}$, $Cl^-$, $NH_4^+$, $Na^+$, $K^+$, $Mg^{2+}$, $Ca^{2+}$ in $PM_{2,5}$ in aer comhthimpeallach*

An modh a bhfuil tuairisc air in EN 12341:2014 'Ambient Air — Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass concentration of suspended particulate matter' ['Aer Comhthimpeallach — Modh caighdeánach um thomhas meá-mhéadrach chun an mhais-tiúchan $PM_{10}$ nó $PM_{2,5}$ d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun carbón eiliminteach agus carbón orgánach a shampláil. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 16913:2017 'Ambient air - Standard method for measurement of $NO_3^-$, $SO_4^{2-}$, $Cl^-$, $NH_4^+$, $Na^+$, $K^+$, $Mg^{2+}$, $Ca^{2+}$ in $PM_{2,5}$ as deposited on filters' ['Aer comhthimpeallach - Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar $NO_3^-$, $SO_4^{2-}$, $Cl^-$, $NH_4^+$, $Na^+$, $K^+$, $Mg^{2+}$, $Ca^{2+}$ in $PM_{2,5}$ a shil-leagtar ar scagairí'], sin an modh tagartha chun tomhas a dhéanamh ar $NO_3^-$, $SO_4^{2-}$, $Cl^-$, $NH_4^+$, $Na^+$, $K^+$, $Mg^{2+}$, $Ca^{2+}$ in $PM_{2,5}$ in aer comhthimpeallach.

## B. Léiriú coibhéise

1. Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as aon mhodh eile a bhfuil sé in ann a léiriú go dtugtar torthaí leis atá coibhéiseach le haon cheann de na modhanna tagartha dá dtagraítear i Roinn A nó, i gcás ábhar cáithníneach, aon mhodh eile a bhfuil an Ballstát lena mbaineann in ann a léiriú go bhfuil gaol comhsheasmhach aige leis an modh tagartha. Sa chás sin, ní mór na torthaí a bhaintear amach leis an modh eile sin a cheartú chun torthaí a chur ar fáil atá coibhéiseach leis na torthaí a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as an modh tagartha.

2. Féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur ar na Ballstáit tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid maidir leis an léiriú coibhéise i gcomhréir le pointe 1.

3. Agus measúnú á dhéanamh ar inghlacthacht na tuarascála a luaitear i bpointe 2, déanfaidh an Coimisiún tagairt don treoraíocht uaidh maidir leis an léiriú coibhéise. I gcás ina raibh fachtóirí eatramhacha á n-úsáid chun an choibhéis a neasú, déanfar an neaschoibhéis a dhearbhú nó a leasú faoi threoir na treoraíochta sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an ceartú i bhfeidhm go cúlghabhálach freisin, nuair is iomchuí, maidir le sonraí tomhais ón am a chuaigh thart chun inchomparáideacht níos fearr idir sonraí a bhaint amach.

## C. Caighdeánú

Maidir le truailleáin ghásacha, ní mór an toirt a chaighdeánú ag teocht 293 K agus brú atmaisféarach 101,3 kPa. Maidir le hábhar cáithníneach agus substaintí atá le hanailísiú in ábhar cáithníneach (lena n-áirítear luaidhe, arsanaic, caidmiam, agus beinsi(a)piréin), tagraíonn an toirt shamplála do dhálaí comhthimpeallacha i dtéarmaí teochta agus brú atmaisféaraigh ar dháta na dtomhas.

Le linn dóibh a léiriú go bhfuil an trealamh i gcomhréir leis na ceanglais feidhmíochta maidir leis na modhanna tagartha a liostaítear i bPointe A, glacfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 5 le tuarascálacha tástála arna n-eisiúint i mBallstáit ar choinníoll go ndéanfar na saotharlanna tástála a chreidiúnú leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin.

Beidh na tuarascálacha mionsonraithe tástála agus torthaí uile na dtástálacha ar fáil d'údaráis inniúla eile nó dá gcomhlachtaí ainmnithe. Léireofar sna tuarascálacha tástála go gcomhlíonann an trealamh na ceanglais feidhmíochta go léir lena n-áirítear i gcás ina mbaineann roinnt dálaí comhshaoil agus láithreáin go sonrach le Ballstát agus go bhfuil siad lasmuigh de na dálaí ar ina leith a tástáladh agus a cineálcheadaíodh an trealamh cheana i mBallstát eile.

## D. Sonraí a aithint go frithpháirteach

Le linn dóibh a léiriú go bhfuil an trealamh i gcomhréir leis na ceanglais feidhmíochta maidir leis na modhanna tagartha a liostaítear i bPointe A, glacfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 5 le tuarascálacha tástála arna n-eisiúint i mBallstáit ar choinníoll go ndéanfar na saotharlanna tástála a chreidiúnú leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin.

Beidh na tuarascálacha mionsonraithe tástála agus torthaí uile na dtástálacha ar fáil d'údaráis inniúla eile nó dá gcomhlachtaí ainmnithe. Léireofar sna tuarascálacha tástála go gcomhlíonann an trealamh na ceanglais feidhmíochta go léir lena n-áirítear i gcás ina mbaineann roinnt dálaí comhshaoil agus láithreáin go sonrach le Ballstát agus go bhfuil siad lasmuigh de na dálaí ar ina leith a tástáladh agus a cineálcheadaíodh an trealamh cheana i mBallstát eile.

## E. Feidhmchláir samhaltaithe thagartha maidir le cáilíocht an aeir

In éagmais caighdeán CEN maidir le cuspóirí cáilíochta samhaltaithe, féadfaidh na Ballstáit na feidhmchláir samhaltaithe a úsáideann siad a roghnú, i gcomhréir le hIarscríbhinn V, Roinn F.

## IARSCRÍBHINN VII

## FAIREACHÁN AR MHAIS-TIÚCHAN AGUS AR CHOMHDHÉANAMH CEIMICEACH $PM_{2,5}$, SUBSTAINTÍ RÉAMHTHEACHTACHA ÓZÓIN AGUS CÁITHNÍNÍ SÁRMHÍNE

### ROINN 1 - TOMHAIS AR MHAIS-TIÚCHAN AGUS AR CHOMHDHÉANAMH CEIMICEACH $PM_{2,5}$

#### A. Cuspóirí

Is iad príomhchuspóirí na dtomhas sin a áirithiú go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le leibhéil ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus ar chúlsuíomhanna tuaithe. Tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun na leibhéil mhéadaithe a bhreithniú i gceantair níos truaillithe (ar nós cúlsuíomhanna uirbeacha, suíomhanna a bhaineann le tionscal, suíomhanna a bhaineann le trácht), measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú féideartha ó iompar fadraoin truailleán, tacú le hanailís ar chionroinnt foinsí agus chun tuiscint a fháil ar thruailleáin shonracha amhail ábhar cáithníneach. Tá sé fíor-riachtanach freisin maidir leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as samhaltú i gceantair uirbeacha.

#### B. Substaintí

Ní mór a áireamh le tomhas ar $PM_{2,5}$ an mhais-tiúchan iomlán agus tiúchain de chomhdhúile iomchuí ar a laghad chun léiriú a thabhairt ar a chomhdhéanamh ceimiceach. Áireofar ar a laghad an liosta thíos de speicis cheimiceacha.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| $SO_4^{2-}$ | $Na^+$ | $NH_4^+$ | $Ca^{2+}$ | carbón eiliminteach (EC) |
| $NO_3^-$ | $K^+$ | $Cl^-$ | $Mg^{2+}$ | carbón orgánach (OC) |

#### C. Lonnú

Déanfar tomhais ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus ar chúlsuíomhanna tuaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

### ROINN 2 - TOMHAIS AR SHUBSTAINTÍ RÉAMHTHEACHTACHA ÓZÓIN

#### A. Cuspóirí

Is iad príomhchuspóirí na dtomhas ar shubstaintí réamhtheachtacha ózóin anailís a dhéanamh ar aon treocht i réamhtheachtaithe ózóin, éifeachtúlacht straitéisí laghdaithe astaíochtaí a sheiceáil, comhsheasmhacht fardal astaíochtaí a sheiceáil, tacú le tuiscint a fháil ar an bpróiseas foirmithe ózóin agus ar an bpróiseas scaipthe réamhtheachtaithe, mar

aon le cur i bhfeidhm samhlacha fótaiceimiceacha, agus cabhrú chun foinsí astaíochtaí a shannadh do thiúchain bhreathnaithe truaillithe.

## B. Substaintí

Áireofar le tomhas na substaintí réamhtheachtaithe ózóin ocsaídí nítrigine (NO agus $NO_2$) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSO) ar a laghad. Beidh roghnú na gcomhdhúl sonrach atá le tomhas, arna chomhlánú le comhdhúile spéise eile, ag brath ar an gcuspóir atá á shaothrú.

(a) Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an modh a mheasann siad a bheith oiriúnach don chuspóir atá á shaothrú;

(b) tá feidhm ag an modh tagartha a shonraítear faoi Iarscríbhinn VI maidir le dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine;

(c) úsáidfear modhanna atá á gcaighdeánú ag CEN a luaithe a bheidh siad ar fáil.

Seo thíos liosta de CSOanna a moladh lena dtomhas:

| **Fine cheimiceach** | **Substaint** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Beagainm** | **Ainm IUPAC** | **Foirmle** | **Uimhir CAS** |
| Alcóil | Meatánól | Meatánól | $CH_4O$ | 67-56-1 |
| | Eatánól | Eatánól | $C_2H_6O$ | 64-17-5 |
| Aildéad | Formaildéad | Meatánal | $CH_2O$ | 50-00-0 |
| | Aicéataildéad | Eatánal | $C_2H_4O$ | 75-07-0 |
| | Meatacroiléin | 2-Meitiolpróip-2-éanal | $C_4H_6O$ | 78-85-3 |
| Ailcíní | Aicéitiléin | Eitín | $C_2H_2$ | 74-86-2 |
| Alcáin | Eatán | Eatán | $C_2H_6$ | 74-84-0 |
| | Própán | Própán | $C_3H_8$ | 74-98-6 |
| | n-Bútán | Bútán | $C_4H_{10}$ | 106-97-8 |
| | i-Bútán | 2-Meitiolprópán | $C_4H_{10}$ | 75-28-5 |
| | n-Peantán | Peantán | $C_5H_{12}$ | 109-66-0 |
| | i-Peantán | 2-Meitiolbútán | $C_5H_{12}$ | 78-78-4 |
| | n-Heicseán | Heacsán | $C_6H_{14}$ | 110-54-3 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | i-Heicseán | 2-Meitilpeantán | $C_6H_{14}$ | 107-83-5 |
| | n-Heaptán | Heaptán | $C_7H_{16}$ | 142-82-5 |
| | n-Ochtán | Ochtán | $C_8H_{18}$ | 111-65-9 |
| | i-Ochtán | 2,2,4-Trimheitilpeantán | $C_8H_{18}$ | 540-84-1 |
| Ailcéiní | Eitiléin | Eitéin | $C_2H_4$ | 75-21-8 |
| | Próipéin / Próipiléin | Próipéin | $C_3H_6$ | 115-07-1 |
| | 1,3-Bútaidhé-éin | Bút-1,3-dé-éin | $C_4H_6$ | 106-99-0 |
| | 1-Búitéin | Búit-1-éin | $C_4H_8$ | 106-98-9 |
| | Tras-2-Búitéin | (E)-búit-2-éin | $C_4H_8$ | 624-64-6 |
| | cis-2-Búitéin | (Z)-búit-2-éin | $C_4H_8$ | 590-18-1 |
| | 1-Peintéin | Peint-1-éin | $C_5H_{10}$ | 109-67-1 |
| | 2-Peintéin | (Z)-Peint-2-éin | $C_5H_{10}$ | 627-20-3 (cis-2 peintéin) |
| | | (E)-Peint-2-éin | | 646-04-8 (tras-2 peintéin) |
| Hidreacarbóin aramatacha | Beinséin | Beinséin | $C_6H_6$ | 71-43-2 |
| | Tolúéin / Meitilbeinséin | Tolúéin | $C_7H_8$ | 108-88-3 |
| | Beinséin eitile | Eitilbeinséin | $C_8H_{10}$ | 100-41-4 |
| | m + p-Xiléin | 1,3-Démheitilbeinséin (m-Xiléin) | $C_8H_{10}$ | 108-38-3 (m-Xiléin) |
| | | 1,4-Démheitilbeinséin (p-Xiléin) | | 106-42-3 (p- Xiléin) |
| | o-Xiléin | 1,2-Démheitilbeinséin (o-Xiléin) | $C_8H_{10}$ | 95-47-6 |
| | 1,2,4-Trimheitilbeinséin | 1,2,4-Trimheitilbeinséin | $C_9H_{12}$ | 95-63-6 |
| | 1,2,3-Trimheitilbeinséin | 1,2,3-Trimheitilbeinséin | $C_9H_{12}$ | 526-73-8 |
| | 1,3,5-Trimheitilbeinséin | 1,3,5-Trimheitilbeinséin | $C_9H_{12}$ | 108-67-8 |
| Céatóin | Aicéatón | Própán-2-ón | $C_3H_6O$ | 67-64-1 |
| | Céatón eitile meitile | Bútán-2-ón | $C_4H_8O$ | 78-93-3 |
| | Céatón vinile meitile | 3-Búitéin-2-ón | $C_4H_6O$ | 78-94-4 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Teirpéiní | Isipréin | 2-Meitiolbút-1,3-dé-éin | $C_5H_8$ | 78-79-5 |
| | p-Címín | 1-Meitil-4-(1-meitileitil)beinséin | $C_{10}H_{14}$ | 99-87-6 |
| | Liomóinéin | 1-meitil-4-(1-meitileitil)-cigliheicséin | $C_{10}H_{16}$ | 138-86-3 |
| | β-Mírcéin | 7-Meitil-3-meitiléin-1,6-ochtaidhé-éin | $C_{10}H_{16}$ | 123-35-3 |
| | α-Pinéin | 2,6,6-Trímheitil-déchioglai[3.1.1]heipt-2-éin | $C_{10}H_{16}$ | 80-56-8 |
| | β-Pinéin | 6,6-Démheitil-2-meitil-éindéchioglai[3.1.1]heaptán | $C_{10}H_{16}$ | 127-91-3 |
| | Caimféin | 2,2-démheitil-3-meitil-éindéchioglai[2.2.1]heaptán | $C_{10}H_{16}$ | 79-92-5 |
| | $\Delta^3$-Cairéin | 3,7,7-Trímheitil-déchioglai[4.1.0]heipt-3-éin | $C_{10}H_{16}$ | 13466-78-9 |
| | 1,8-Cineaól | 1,3,3-trímheitil-2-ocsáidéchioglai[2.2.2]ochtrán | $C_{10}H_{18}O$ | 470-82-6 |

**C. Lonnú**

Déanfar tomhais ag pointí samplála arna mbunú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus a mheastar iad a bheith iomchuí i dtaca leis na cuspóirí faireacháin dá dtagraítear i bPointe A den Roinn seo.

ROINN 3 - TOMHAS AR CHÁITHNÍNÍ SÁRMHÍNE (UFP)

**A. Cuspóirí**

Is é is cuspóir do na tomhais sin a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ag suíomhanna ina bhfuil tiúchain arda UFP a mbíonn tionchar orthu den chuid is mó ag foinsí iompair aeir, uisce nó bóthair (amhail aerfoirt, calafoirt, bóithre), láithreáin tionscail nó téamh baile. Beidh an fhaisnéis iomchuí chun breithniú a dhéanamh ar leibhéil mhéadaithe de thiúchain UFP ó na foinsí sin.

**B. Substaintí**

UFP.

**C. Lonnú**

Bunófar pointí samplála i gcomhréir le hIarscríbhinní IV agus V ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda UFP, agus ag suíomhanna atá laistigh de phríomhthreo na gaoithe.

## IARSCRÍBHINN VIII

## FAISNÉIS LE HÁIREAMH SNA PLEANANNA CÁILÍOCHTA AEIR CHUN FEABHAS A CHUR AR CHÁILÍOCHT AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH

**A. Faisnéis atá le cur ar fáil faoi Airteagal 19(5)**

1. Ró-thruailliú a logánú

(a) réigiún;

(b) cathair (léarscáil);

(c) pointe samplála/pointí samplála (léarscáil, comhordanáidí geografacha).

2. Faisnéis ghinearálta

(a) cineál limistéir (uirbeach, tionsclaíoch nó tuaithe) nó saintréithe an aonaid chríochaigh NUTS 1 (lena n-áirítear limistéir uirbeacha, thionsclaíocha nó thuaithe);

(b) meastachán den limistéar truaillithe (in $km^2$) agus den daonra atá i dteagmháil leis an truailliú;

(c) leibhéil tiúchana nó táscaire meánteagmhála an truailleáin ábhartha a breathnaíodh ar a laghad 5 bliana roimh an sárú;

3. Údaráis fhreagracha

Ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme pleananna cáilíochta aeir.

4. Bunús an truaillithe agus an tuairisciú faoi Threoir (AE) 2016/2284 agus faisnéis a chuirtear ar fáil sa chlár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir á gcur san áireamh

(a) liosta na bpríomhfhoinsí astaíochtaí is cúis leis an truailliú;

(b) cainníocht iomlán na n-astaíochtaí ó na foinsí sin (i dtonaí in aghaidh na bliana);

(c) measúnú ar leibhéal na n-astaíochtaí (e.g. leibhéal na cathrach, an leibhéal réigiúnach, agus rannchuidithe trasteorann);

(d) cionroinnt foinsí de réir earnálacha ábhartha a bhfuil tionchar acu ar an sárú sa chlár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir.

5. Tionchar measta na mbeart chun comhlíontacht a bhaint amach laistigh de 3 bliana tar éis an plean cáilíochta aeir a ghlacadh

(a) laghdú measta cainníochtaithe ar thiúchan (in µg/m³) ag gach pointe samplála a sháraíonn teorainnluachanna, spriocluach ózóin nó an táscaire meánteagmhála i gcás sárú ar an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála, as na bearta dá dtagraítear i bpointe 6;

(b) bliain mheasta chomhlíontachta in aghaidh an truailleáin aeir a chumhdaítear leis an bplean cáilíochta aeir agus na bearta dá dtagraítear i bpointe 6 á gcur san áireamh.

6. Iarscríbhinn 1: Mionsonraí maidir le bearta chun an truailliú aeir a laghdú faoi phointe 5

(a) liostú na mbeart uile a leagtar amach sa phlean cáilíochta aeir agus tuairisc orthu, lena n-áirítear sainaithint an údaráis inniúil atá i gceannas ar a gcur chun feidhme;

(b) cainníochtú an laghdaithe ar astaíochtaí (i dtonaí in aghaidh na bliana) a bhaineann le gach beart faoi phointe (a);

(c) amchlár cur chun feidhme gach birt agus gníomhaithe freagracha;

(d) meastachán ar an laghdú tiúchana mar iarmhairt ar gach beart cáilíochta aeir, i ndáil leis an sárú lena mbaineann;

(e) liosta den fhaisnéis (lena n-áirítear samhaltú agus torthaí measúnaithe na mbeart) chun an caighdeán cáilíochta aeir lena mbaineann a bhaint amach i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

7. Iarscríbhinn 2: Tuilleadh eolais chúlra

(a) sonraí aeráide;

(b) sonraí maidir le topagrafaíocht;

(c) faisnéis maidir leis na cineálacha spriocanna a bhfuil cosaint ag teastáil ina leith sa limistéar, (más infheidhme);

(d) liostú na mbeart breise uile agus tuairisc orthu, ar bearta iad a dtagann a dtionchar iomlán ar thiúchain de thruailleán aeir chomhthimpeallaigh chun cinn laistigh de 3 bliana nó níos mó.

8. Iarscríbhinn 3: Meastóireacht ar bhearta (i gcás nuashonrú ar phlean cáilíochta aeir)

(a) measúnú ar amchlár na mbeart ón bplean cáilíochta aeir a bhí ann roimhe;

(b) meastachán ar thionchar na mbeart ón bplean cáilíochta aeir roimhe sin ar laghdú astaíochtaí agus ar thiúchain truailleán.

**B. Liosta táscach de bhearta laghdaithe truaillithe aeir**

1. Faisnéis a bhaineann le stádas chur chun feidhme na dTreoracha dá dtagraítear in Airteagal 14(3), pointe (b), de Threoir (AE) 2016/2284.

2. Faisnéis maidir le gach beart laghdaithe truaillithe aeir a breithníodh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta lena chur chun feidhme i dtaca le baint amach cuspóirí cáilíochta aeir, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) laghdú ar astaíochtaí ó fhoinsí seasta trína áirithiú go ndéanfar trealamh rialaithe astaíochtaí a fheistiú ar fhoinsí seasta dócháin beaga agus meánmhéide a thruaillíonn (lena n-áirítear le haghaidh bithmhaise) nó go ndéanfar iad a ionadú, agus go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh;

(b) laghdú ar astaíochtaí ó fheithiclí trí ghléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha agus trealamh rialaithe astaíochtaí a iarfheistiú orthu. Déanfar breithniú ar dhreasachtaí eacnamaíocha chun dlús a chur lena n-úsáid;

(c) soláthar feithiclí bóthair, breoslaí agus trealamh dócháin astaíochtaí nialasacha a dhéanann údaráis phoiblí, i gcomhréir leis an lámhleabhar maidir le soláthar comhshaoil poiblí, chun astaíochtaí a laghdú;

(d) Bearta chun astaíochtaí iompair a theorannú trí phleanáil agus bainistiú tráchta (lena n-áirítear praghsáil brú tráchta, táillí difreáilte páirceála nó dreasachtaí eacnamaíocha eile; scéimeanna maidir le srianta ar rochtain ar fheithiclí uirbeacha a bhunú, lena n-áirítear limistéir astaíochtaí ísle);

(e) bearta chun aistriú a spreagadh i dtreo cineálacha iompair ar lú an truailliú a bhaineann leo;

(f) bearta chun aistriú a spreagadh i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha agus innealra neamhbhóthair le haghaidh feidhmeanna príobháideacha agus tráchtála araon;

(g) bearta chun a áirithiú go dtabharfar tús áite do bhreoslaí astaíochtaí ísle i bhfoinsí seasta beaga, meánmhéide agus móra agus i bhfoinsí soghluaiste;

(h) bearta chun an truailliú aeir ó fhoinsí tionsclaíocha a laghdú faoi Threoir 2010/75/AE, agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí eacnamaíocha amhail cánacha, muirir nó trádáil astaíochtaí agus, an tráth céanna, sainiúlachtaí FBManna á gcur san áireamh;

(i) bearta chun sláinte na leanaí nó sláinte grúpaí daonra íogaire eile a chosaint.

## IARSCRÍBHINN IX

## FAISNÉIS PHOIBLÍ

1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar a laghad:

(a) sonraí atá cothrom le dáta in aghaidh na huaire i gcás gach pointe samplála dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine, ábhair cháithnínigh ($PM_{10}$ agus $PM_{2,5}$), aonocsaíde carbóin agus ózóin. Beidh feidhme aige sin maidir le faisnéis ó gach pointe samplála a bhfuil faisnéis atá cothrom le dáta ar fáil lena aghaidh, agus ar a laghad maidir le faisnéis ón líon íosta pointí samplála a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn III. I gcás ina bhfuil sí ar fáil, soláthrófar faisnéis atá cothrom le dáta mar thoradh ar shamhaltú freisin;

(b) tiúchain thomhaiste de gach truailleán a chuirtear i láthair de réir na dtréimhsí iomchuí mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I;

(c) faisnéis maidir le sárú/sáruithe breathnaithe ar aon teorainnluach, spriocluach ózóin, agus oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas:

(i) suíomh nó limistéar an tsáraithe,

(ii) an t-am a thosaigh an sárú agus an fad a mhair sé,

(iii) an tiúchan thomhaiste i gcomparáid leis na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir, nó an táscaire meánteagmhála i gcás sarú ar an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála;

(d) faisnéis maidir le sláinte agus fásra, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas:

(i) tionchar sláinte an truaillithe aeir ar an bpobal i gcoitinne,

(ii) tionchar sláinte an truaillithe aeir ar ghrúpaí leochaileacha,

(iii) tuairisc ar na siomptóim dhóchúla,

(iv) na réamhchúraimí a mholtar a dhéanamh,

(v) an áit ina bhfaighfear eolas breise;

(e) faisnéis maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha chun truailliú agus teagmháil leis a laghdú: léiriú na bpríomhearnálacha foinseacha; moltaí maidir le gníomhaíochtaí chun astaíochtaí a laghdú;

(f) faisnéis maidir le feachtais tomhais nó gníomhaíochtaí comhchosúla agus a dtorthaí i gcás ina ndéantar iad.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis thráthúil ar fáil don phobal maidir le sáruithe iarbhír nó tuartha ar thairseacha foláirimh, agus ar aon tairseach faisnéise. Áireofar leis na mionsonraí a sholáthraítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) faisnéis maidir le sárú/sáruithe a breathnaíodh:

– suíomh nó limistéar an tsáraithe,

– an cineál tairsí a sáraíodh (tairseach faisnéise nó foláirimh),

– an t-am a thosaigh an sárú agus an fad a mhair sé,

– an tiúchan aon uaire is airde agus, anuas air sin, an mheántiúchan ocht n-uaire is airde i gcás ózóin;

(b) an réamhaisnéis maidir leis an tráthnóna nó lá/laethanta dár gcionn:

– limistéar geografach na sáruithe ionchasacha ar thairseach faisnéise agus/nó ar thairseach foláirimh,

– athruithe ionchasacha ar an truailliú (feabhas, cobhsú nó meath), mar aon leis na cúiseanna atá leis na hathruithe sin;

(c) faisnéis maidir leis an gcineál daonra lena mbaineann, na tionchair shláinte a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus an t-iompar molta:

– faisnéis maidir leis na grúpaí den daonra atá i mbaol,

– tuairisc ar na siomptóim dhóchúla,

– na réamhchúraimí a mholtar don phobal lena mbaineann a dhéanamh,

– an áit ina bhfaighfear eolas breise;

(d) faisnéis maidir le gníomhaíocht choisctheach chun truailliú agus/nó teagmháil leis a laghdú: léiriú na bpríomhearnálacha foinseacha; moltaí maidir le gníomhaíocht chun astaíochtaí a laghdú;

(e) i gcás sáraithe tuartha, déanfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú go gcuirfear na sonraí a bhaineann leis ar fáil a mhéid is féidir.

3. I gcás ina ndéantar sárú nó i gcás ina bhfuil riosca ann go sárófar aon teorainnluach, spriocluach ózóin, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, tairseach foláirimh nó tairseach faisnéise, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo faoi bhráid an phobail freisin.

## IARSCRÍBHINN X

Cuid A

**Treoracha aisghairthe maille le liostaí de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh orthu (dá dtagraítear in Airteagal 30)**

| | |
|---|---|
| Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 23, 26.1.2005, lch. 3) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 87, 31.3.2009, lch. 109) | pointe 3.8 den Iarscríbhinn agus an pointe sin amháin |
| Treoir (AE) 2015/1480 ón gCoimisiún<br>(IO L 226, 29.8.2015, lch. 4) | Airteagal 1 agus an tAirteagal sin amháin |
| Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 152, 11.6.2008, lch. 1) | |
| Treoir (AE) 2015/1480 ón gCoimisiún<br>(IO L 226, 29.8.2015, lch. 4) | Airteagal 2 agus an tAirteagal sin amháin |

Cuid B

**Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta (dá dtagraítear in Airteagal 30)**

| Treoir | Teorainn ama don trasuí |
|---|---|
| 2004/107/CE | 15 Feabhra 2007 |
| 2008/50/CE | 11 Meitheamh 2010 |
| (AE) 2015/1480 | 31 Nollaig 2016 |

## IARSCRÍBHINN XI

## TÁBLA COMHGHAOIL

| An Treoir seo | Treoir 2008/50/CE | Treoir 2004/107/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 1 | — | — |
| Airteagal 2 | Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 3 | Airteagal 32 | Airteagal 8 |
| Airteagal 4 | Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 5 | Airteagal 3 | — |
| Airteagal 6 | Airteagal 4 | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 7 | Airteagail 5 agus 9(2) | Airteagal 4(2), (3) agus (6) |
| Airteagal 8 | Airteagail 6 agus 9(1) | Airteagail 4(1) go (5) agus 4(8) agus (10) |
| Airteagal 9 | Airteagail 7 agus 10 | Airteagal 4(7) agus (11) |
| Airteagal 10 | — | Airteagal 4(9) |
| Airteagal 11 | Airteagail 8 agus 11 | Airteagal 4(12) agus (13) |
| Airteagal 12 | Airteagail 12, 17(1) agus (3) agus Airteagal 18 | Airteagal 3(2) |
| Airteagal 13 | Airteagail 13, 15 agus 17(1) | Airteagal 3(1) agus (3) |
| Airteagal 14 | Airteagal 14 | — |
| Airteagal 15 | Airteagal 19 | — |
| Airteagal 16 | Airteagal 20 | — |
| Airteagal 17 | Airteagal 21 | — |
| Airteagal 18 | Airteagal 22 | |
| Airteagal 19 | Airteagail 17(2) agus 23 | Airteagal 3(3) |
| Airteagal 20 | Airteagal 24 | — |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 21 | Airteagal 25 | — |
| Airteagal 22 | Airteagal 26 | Airteagal 7 |
| Airteagal 23 | Airteagal 27 | Airteagal 5 |
| Airteagal 24 | Airteagal 28 | Airteagal 4(15) |
| Airteagal 25 | — | — |
| Airteagal 26 | Airteagal 29 | Airteagal 6 |
| Airteagal 27 | — | — |
| Airteagal 28 | — | — |
| Airteagal 29 | Airteagal 30 | Airteagal 9 |
| Airteagal 30 | Airteagal 31 | — |
| Airteagal 31 | — | — |
| Airteagal 32 | Airteagal 33 | Airteagal 10 |
| Airteagal 33 | Airteagal 34 | Airteagal 11 |
| Airteagal 34 | Airteagal 35 | Airteagal 12 |

---

🡻 2004/107

**~~IARSCRÍBHINN IV~~**

**~~Cuspóirí cáilíochta sonraí agus ceanglais maidir le samhlacha cáilíochta aeir~~**

**~~I. CUSPÓIRÍ CÁILÍOCHTA SONRAÍ~~**

~~Cuirtear na cuspóirí cáilíochta sonraí seo a leanas ar fáil mar threoir maidir le dearbhú cáilíochta.~~

---

🡻 2015/1480 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn I.1(a)

| | ~~Beinsi[a]piréin~~ | ~~Arsanaic, cadmiam agus nicil~~ | ~~Hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha seachas beinsi(a)piréin, mearcair gásach iomlán~~ | ~~Deascadh iomlán~~ |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| — Neamhchinnteacht | | | | |
| Tomhais sheasta agus tháscacha | 50 % | 40 % | 50 % | 70 % |
| Samhaltú | 60 % | 60 % | 60 % | 60 % |
| — Gabháil sonraí íosta | 90 % | 90 % | 90 % | 90 % |
| — Clúdach ama íosta | | | | |
| Tomhais sheasta[5] | 33 % | 50 % | | |
| Tomhais tháscacha[67] | 14 % | 14 % | 14 % | 33 % |

---

🡻 2004/107/CE
➔[1] 2015/1480 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn I.1(b)

Déanfar neamhchinnteacht (arna sloinneadh ag leibhéal muiníne 95 %) na modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thiúchain aeir chomhthimpeallaigh a mheas i gcomhréir le prionsabail Threoir CEN maidir le hÉiginnteacht a Chur in Iúl i dTomhas (ENV 13005-1999), modheolaíocht ISO 5725: 1994 agus an treoir a chuirtear ar fáil i dtuarascáil CEN 'Air Quality — Approach to Uncertainty Estimation for Ambient Air Reference Measurement Methods' ['Cáilíocht Aeir — Cur Chuige i Leith Meastóireacht Neamhchinnteachta do Mhodhanna Tomhais Tagartha an Aeir Chomhthimpeallaigh'] (CR 14377: 2002E). Tugtar na céatadáin maidir le neamhchinnteacht le haghaidh tomhais aonair arna meánú thar amanna samplála tipiciúla, d'eatramh muiníne 95 %. Ba cheart a mheas go bhfuil neamhchinnteacht na dtomhas infheidhme i réigiún an teorainnluacha iomchuí. Ní mór tomhais sheasta agus tháscacha a bheith leithdháilte go cothrom ar fead na bliana ionas go seachnófaí sceabhach torthaí.

Ní áirítear sna ceanglais maidir le gabháil íosta sonraí agus clúdach ama caillteanais sonraí mar gheall ar chalabrú rialta nó gnáthchothabháil na hionstraimíochta. Tá gá le sampláil ceithre huaire is fiche chun beinsi(a)piréin agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile a thomhas. Le cúram, is féidir samplaí aonair a thógtar thar thréimhse suas le mí amháin a chomhcheangal agus a anailísiú mar shampla ilchodach, ar choinníoll go geinntíonn an modh

---

5 Leithdháilte ar feadh na bliana ionas go mbeidh sé ionadaíoch do choinníollacha éagsúla aeráide agus gníomhaíochtaí antrapaigineacha

6 Leithdháilte ar feadh na bliana ionas go mbeidh sé ionadaíoch do choinníollacha éagsúla aeráide agus gníomhaíochtaí antrapaigineacha

7 Arb é is tomhas táscach ann tomhais a dhéantar ar mhinicíocht laghdaithe ach a chomhlíonann na cuspóirí cáilíochta sonraí eile

go bhfuil na samplaí cobhsaí don tréimhse sin. D'fhéadfadh sé a bheith deacair na trí chomhaicmeach beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[j]fluaraintéin agus beinsea(k)fluaraintéin a réiteach go hanailíseach. I gcásanna den sórt sin is féidir iad a thuairisciú mar shuim.➔1 --- 🡐Ní mór an tsampláil a scaipeadh go cothrom i rith na seachtaine agus na bliana. Chun rátaí deascaidh a thomhas go míosúil, nó go seachtainiúil, moltar samplaí i rith na bliana a úsáid.

---

🡓 2015/1480 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn I.1(c)

Tá feidhm freisin ag na forálacha i dtaca le samplaí aonair sa mhír roimhe seo maidir le harsanaic, caidmiam, nicil agus mearcair gásach iomlán. Thairis sin, ceadaítear foshampláil scagairí $PM_{10}$ i gcás miotal chun anailís a dhéanamh ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil fianaise ann go bhfuil an foshampla ionadaíoch don iomlán agus nach gcuirtear íogaireacht an bhraith i mbaol nuair a chuirtear i gcomparáid í leis na cuspóirí cáilíochta sonraí ábhartha. Mar rogha mhalartach ar an tsampláil laethúil, ceadaítear an tsampláil sheachtainiúil i gcás miotal in $PM_{10}$ ar choinníoll nach gcuirtear na saintréithe bailiúcháin i mbaol.

---

🡓 2004/107/CE

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as sampláil *'wet only'* in ionad na hollshampláala más féidir leo a léiriú go bhfuil an difríocht catarthu laistigh de 10 %. Ba cheart rátaí deascaidh a thabhairt, go ginearálta, mar $\mu g/m^2$ in aghaidh an lae.

Féadfaidh na Ballstáit clúdach ama íosta a chur i bhfeidhm atá níos ísla ná an clúdach ama íosta a luaitear sa tábla, ach nach lú ná 14 % i gcás tomhais sheasta agus 6 % i gcás tomhais tháscacha ar choinníoll gur féidir leo a léiriú go mbainfear amach an neamhchinnteacht fhairsingithe de 95 % le haghaidh an mheáin bhliantúil, arna ríomh ó na cuspóirí cáilíochta sonraí sa tábla de réir ISO 11222:2002 'Determination of the uncertainty of the time average of air quality measurements' [Neamhchinnteacht mheán ama na dtomhas cáilíochta aeir'].

## II. CEANGLAIS MAIDIR LE SAMHLACHA CÁILÍOCHTA AEIR

I gcás ina n-úsáidtear samhail cáilíochta aeir chun measúnú a dhéanamh, tiomsófar tagairtí do thuairiscí ar an tsamhail agus faisnéis maidir leis an neamhchinnteacht. Sainítear an neamhchinnteacht maidir le samhaltú mar uasdiallas na leibhéal tiúchana tomhaiste agus ríofa, thar bhliain iomlán, gan uainiú na dteagmhas a chur san áireamh.

## III. CEANGLAIS MAIDIR LE TEICNÍCÍ MEASTACHÁIN OIBIACHTÚLA

I gcás ina n-úsáidtear teicnící meastacháin oibiachtúla, ní rachaidh an neamhchinnteacht thar 100 %.

## IV. CAIGHDEÁNÚ

Chun anailís a dhéanamh ar shubstaintí i gcodán $PM_{10}$, tagraíonn an toirt shampláala do choinníollacha comhthimpeallacha.

↓ 2004/107

## ~~IARSCRÍBHINN V~~

**~~Modhanna tagartha chun measúnú a dhéanamh ar thiúchain in aer comhthimpeallach agus sna rátaí deascaidh~~**

↓ 2015/1480 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn I.2

### ~~I. MODH TAGARTHA CHUN SAMPLÁIL AGUS ANAILÍS A DHÉANAMH AR ARSANAIC, CADMIAM AGUS NICIL IN AER COMHTHIMPEALLACH~~

~~An modh tagartha chun sampláil a dhéanamh ar arsanaic, cadmiam agus nicil in aer comhthimpeallach, tugtar tuairisc air in EN 12341:2014. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 14902:2005 'Ambient air quality — Standard method for the measurement of Pb, Cd, As and Ni in the PM10 fraction of suspended particulate matter'[Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar Pb, Cd, As agus Ni i gcodán PM10 d'ábhar cáithníneach ar fuaidreamh'], sin é an modh tagartha chun tomhas a dhéanamh ar arsanaic, cadmiam agus nicil in aer comhthimpeallach.~~

~~Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as aon mhodh eile is féidir leis a léiriú a thugann torthaí atá coibhéiseach leis an modh thuasluaite.~~

### ~~II. MODH TAGARTHA CHUN SAMPLÁIL AGUS ANAILÍS A DHÉANAMH AR HIDREACARBÓIN IL-TIMTHRIALLACHA ARAMATACHA IN AER COMHTHIMPEALLACH~~

~~An modh tagartha chun sampláil a dhéanamh ar hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha in aer comhthimpeallach, tugtar tuairisc air in EN 12341:2014. An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15549:2008 'Air quality — Standard method for the measurement of the concentration of benzo[a]pyrene in ambient air' ['Cáilíocht an Aeir — Modh caighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar an tiúchan beinsi[a]piréine in aer comhthimpeallach'], sin é an modh tagartha chun beinsi[a]piréin a thomhas in aer comhthimpeallach. In éagmais modh caighdeánach CEN le haghaidh na hidreacarbón il-timthriallach aramatach eile dá dtagraítear in Airteagal 4(8), ceadaítear do na Ballstáit úsáid a bhaint as modhanna caighdeánacha náisiúnta nó modhanna ISO amhail caighdeán ISO 12884.~~

~~Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as aon mhodh eile is féidir leis a léiriú a thugann torthaí atá coibhéiseach leis an modh thuasluaite.~~

### ~~III. MODH TAGARTHA CHUN SAMPLÁIL AGUS ANAILÍS A DHÉANAMH AR MHEARCAIR IN AER COMHTHIMPEALLACH~~

~~An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15852:2010 'Ambient air quality — Standard method for the determination of total gaseous mercury'[Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun an mearcair gásach iomlán a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun tomhas a dhéanamh ar thiúchain de mhearcair gásach iomlán in aer comhthimpeallach.~~

~~Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as aon mhodh eile is féidir leis a léiriú a thugann torthaí atá coibhéiseach leis an modh thuasluaite.~~

## ~~IV.~~ ~~*MODH TAGARTHA CHUN SAMPLÁIL AGUS ANAILÍS A DHÉANAMH AR AN DEASCADH D'ARSANAIC, DE CHADMIAM, DE MHEARCAIR, DE NICIL AGUS DE HIDREACARBÓIN IL-TIMTHRIALLACHA ARAMATACHA*~~

~~An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15841:2009 'Ambient air quality — Standard method for determination of arsenic, cadmium, lead and nickel in atmospheric deposition' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun arsanaic, cadmiam, luaidhe agus nicil sa deascadh atmaisféarach a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh d'arsanaic, de chadmiam agus de nicil a chinneadh.~~

~~An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15853:2010 'Ambient air quality — Standard method for determination of mercury deposition' ['Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — Modh caighdeánach chun deascadh de mhearcair a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh de mhearcair a chinneadh.~~

~~An modh a bhfuil tuairisc air in EN 15980:2011 'Air quality — Determination of the deposition of benz[a]anthracene, benzo[b]fluoranthene, benzo[j]fluoranthene, benzo[k]fluoranthene, benzo[a]pyrene, dibenz[a,h]anthracene and indeno[1,2,3-cd]pyrene' ['Cáilíocht an aeir — An deascadh de bheansantraicéin, de bheinsea[b]fluaraintéin, de bheinsea[j]fluaraintéin, de bheinsea[k]fluaraintéin, de bheinsi[a]piréin, de débheans[a,h]antraicéin agus d'indéini[1,2,3-cd]piréin a chinneadh'], sin é an modh tagartha chun an deascadh de bheinsi(a)piréin agus de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile a chinneadh.~~

---

↓ 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .3(8)

## ~~V.~~ ~~TEICNÍOCHTAÍ SAMHALTAITHE TAGARTHA DO CHÁILÍOCHT AN AEIR~~

~~Ní féidir teicníochtaí samhaltaithe tagartha do cháilíocht an aeir a shonrú faoi láthair. Féadfaidh an Coimisiún leasuithe a dhéanamh chun an pointe seo a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis na nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 6(3).~~

▼ 2008/50

# IARSCRÍBHINN I

## CUSPÓIRÍ CÁILÍOCHTA SONRAÍ

### A. CUSPÓIRÍ CÁILÍOCHTA SONRAÍ LE HAGHAIDH MEASÚNÚ AR CHÁILÍOCHT AN AEIR

| | Dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine agus aonocsaíd charbóin | Beinséin | Ábhar cáithníneach ($PM_{10}$/$PM_{2,5}$) agus luaidhe | Ózón agus NO agus $NO_2$ bainteach |
|---|---|---|---|---|
| Tomhais sheasta[8] | | | | |
| Neamhchinnteacht | 15 % | 25 % | 25 % | 15 % |
| Gabháil sonraí íosta | 90 % | 90 % | 90 % | 90 % le linn an tsamhraidh<br>75 % le linn an gheimhridh |
| Clúdach ama íosta: | | | | |
| — ceantar uirbeach agus trácht | — | 35 %[9] | — | — |
| — suíomhan na tionsclaíocha | — | 90 % | — | — |
| Tomhais | | | | |

[8] Féadfaidh na Ballstáit tomhais randamacha a chur i bhfeidhm in áit tomhais leanúnacha do bheinséin, luaidhe agus ábhar cáithníneach más féidir leo a léiriú don Choimisiún go gcomhlíonann an éiginnteacht, lena n-áirítear an éiginnteacht i ngeall ar shampláil randamach, an cuspóir cáilíochta 25 % agus go bhfuil an clúdach ama go fóill os cionn an clúdaigh íosta ama do thomhais tháscacha. Ní mór sampláil randamach a bheith leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana ionas go seachnófaí sceabhach torthaí. Féadfar an éiginnteacht mar gheall ar shampláil randamach a chinneadh leis an nós imeachta a leagtar síos in ISO 11222 (2002)'Air Quality — Determination of the Uncertainty of the Time Average of Air Quality Measurements' ['Cáilíocht Aeir — Cinneadh maidir le hÉiginnteacht Aga Meánach Tomhas']. Má úsáidtear tomhais randamacha chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais teorainnluachanna $ÁC_{10}$, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an 90,4ú peircintíl (níos lú ná nó cothrom le 50 $\mu g/m^3$) in ionad líon na sáruithe, a bhfuil tionchar mór ar chlúdach sonraí air.

[9] Leithdháilte ar feadh na bliana ionas go mbeidh sé ionadaíoch do choinníollacha éagsúla aeráide agus tráchta.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| tháscacha | | | | |
| Neamhchinnteacht | 25 % | 30 % | 50 % | 30 % |
| Gabháil sonraí íosta | 90 % | 90 % | 90 % | 90 % |
| Clúdach ama íosta | 14 %[10] | 14 %[11] | 14 %[12] | >10 % le linn an tsamhraidh |
| Éiginnteacht maidir le samhaltú: | | | | |
| In aghaidh na huaire | 50 % | — | — | 50 % |
| Meáin ocht n-uaire | 50 % | — | — | 50 % |
| Meáin laethúla | 50 % | — | gan sainiú go fóill | — |
| Meáin bhliantúla | 30 % | 50 % | 50 % | — |
| Meastóireacht oibiachtúil | | | | |
| Neamhchinnteacht | 75 % | 100 % | 100 % | 75 % |

Déanfar an éiginnteacht (arna sloinneadh ag leibhéal muiníne 95 %) na modhanna measúnaithe a mheas i gcomhréir le prionsabail Threoir CEN maidir le hÉiginnteacht a Chur in Iúl i dTomhas (ENV 13005-1999), modheolaíocht ISO 5725: 1994 agus an treoir a chuirtear ar fáil i dtuarascáil CEN 'Air Quality — Approach to Uncertainty Estimation for Ambient Air Reference Measurement Methods' ['Cáilíocht Aeir — Cur Chuige i Leith Meastóireacht Éiginnteachta do Mhodhanna Tomhais Tagartha an Aeir Chomhthimpeallaigh'] (CR 14377: 2002E). Tugtar na céatadáin maidir le héiginnteacht sa tábla thuas le haghaidh tomhais aonair arna meánú thar na tréimhse a chlúdaítear leis an teorainnluach (nó an spriocluach i geás ózóin), d'eatramh muiníne 95 %. Measfar an éiginnteacht maidir leis na tomhais sheasta a bheith infheidhme i réigiún an teorainnluacha iomchuí (nó an spriocluacha i geás ózóin).

10 Tomhas amháin in aghaidh na seachtaine go randamach, leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana, nó ocht seachtaine leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana.

11 Tomhas aon lae in aghaidh na seachtaine go randamach, leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana, nó ocht seachtaine leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana.

12 Tomhas amháin in aghaidh na seachtaine go randamach, leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana, nó ocht seachtaine leithdháilte go cothrom ar feadh na bliana.

Sainítear an éiginnteacht maidir le samhaltú mar uasdiallas na leibhéal tiúchain tomhaiste agus ríofa do 90 % de na pointí faireacháin aonair, thar na tréimhse a chlúdaítear leis an teorainnluach (nó an spriocluach i gcás ózóin), gan uainiú na n-imeachtaí a chur san áireamh. Déanfar an éiginnteacht maidir le samhaltú a léirmhíniú mar ní is infheidhme i réigiún an teorainnluacha iomchuí (nó an spriocluacha i gcás ózóin). Beidh na tomhais sheasta atá le roghnú lena cur i gcomparáid le torthaí an tsamhaltaithe ionadaíoch don scála a chlúdaítear leis an tsamhail.

Sainítear an éiginnteacht maidir le meastachán oibiachtúil mar uasdiallas na leibhéal tiúchain tomhaiste agus ríofa, thar an tréimhse a chlúdaítear leis an teorainnluach (nó an spriocluach i gcás ózóin), gan uainiú na n-imeachtaí a chur san áireamh.

Ní áirítear sna ceanglais maidir le gabháil íosta sonraí agus clúdach ama caillteanais sonraí mar gheall ar chalabrú rialta nó gnáthchothabháil na hionstraimíochta.

## B. TORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE AR CHÁILÍOCHT AEIR

Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thiomsú i leith limistéar nó ceirtleán ina n-úsáidtear foinsí seachas tomhas chun faisnéis ó thomhas a fhorlíonadh nó mar an t-aon bhealach amháin chun cáilíocht an aeir a mheasúnú:

– cur síos ar ghníomhaíochtaí measúnaithe a rinneadh,

– na modhanna sonracha a úsáideadh, le tagairtí do chur síos ar an modh,

– foinsí na sonraí agus na faisnéise,

– cur síos ar thorthaí, lena n-áirítear éiginnteachtaí agus, go háirithe, méid aon limistéir nó, más ábhartha, fad an bhóthair laistigh den limistéar nó den cheirtleán ar a sáraíonn tiúchain aon teorainnluach, spriocluach nó cuspóir fadtéarmach móide corrlach lamháltais, más infheidhme, agus aon limistéir ina sáraíonn tiúchain an tairseach uasta measúnaithe nó an tairseach íosta measúnaithe,

– an daonra a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar leibhéil atá os cionn aon teorainnluach chun sláinte an duine a chosaint.

---

| ⬇ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.1 |
|---|

## C. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA LE HAGHAIDH MEASÚNÚ AR CHÁILÍOCHT AN AEIR. BAILÍOCHTÚ SONRAÍ

1. Chun beachtas tomhais agus comhlíonadh na gcuspóirí maidir le cáilíocht sonraí a leagtar síos i Roinn A a áirithiú, déanfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla iomchuí arna n-ainmniú de bhun Airteagal 3 an méid seo a leanas a áirithiú:

(i) go bhfuil gach tomhas a dhéanfar i dtaca le measúnú ar cháilíocht aeir chomhthimpeallaigh de bhun Airteagal 6 agus Airteagal 9 inrianaithe i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin,

(ii) go bhfuil córas seanbhunaithe dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta ag na hinstitiúidí a oibríonn líonraí agus stáisiúin aonair, córas lena bhforáiltear do chothabháil rialta feistí tomhais, chun cruinneas leanúnach na bhfeistí tomhais a áirithiú. Déanfaidh an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha ábhartha athbhreithniú ar an gcóras cáilíochta de réir mar is gá agus gach cúig bliana ar a laghad

(iii) go gcuirfear próiseas dearbhaithe cáilíochta/rialaithe cáilíochta ar bun don phróiseas bailiúcháin sonraí agus tuairiscithe agus go nglacfaidh na hinstitiúidí a cheapfar don chúram sin páirt ghníomhach sna cláir bhainteacha dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais,

(iv) gurb é an t-údarás nó an comhlacht inniúil iomchuí de bhun Airteagal 3 a cheapann na Saotharlanna Náisiúnta Tagartha agus go bhfuil siad creidiúnaithe le haghaidh na modhanna tagartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI, ar a laghad i gcás na dtruailleán sin a bhfuil tiúchan os cionn na tairsí measúnaithe níos ísle ina leith, de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 2(9) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh. Beidh na saotharlanna sin freagrach freisin as an gcomhordú ar chríoch na mBallstát de na cláir dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais a eagróidh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin agus beidh siad freagrach as comhordú a dhéanamh freisin, ar an leibhéal náisiúnta, ar úsáid iomchuí modhanna tagartha agus ar léiriú coibhéise modhanna neamhthagartha. Ba cheart Saotharlanna Náisiúnta Tagartha a eagraíonn idirchomparáid ar an leibhéal náisiúnta a chreidiúnú freisin de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha maidir le tástáil inniúlachta.

(v) go nglacfaidh na Saotharlanna Náisiúnta Tagartha páirt gach trí bliana ar a laghad sna cláir dearbhaithe cáilíochta ar fud an Aontais a eagróidh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin. Má thagann torthaí míshásúla as an rannpháirtíocht sin, ba cheart don tsaotharlann náisiúnta bearta feabhais sásúla a léiriú an chéad uair eile a ghlacann sé páirt sa idirchomparáid, agus tuarascáil a chur ar fáil don Airmheán Comhpháirteach Taighde maidir leis na bearta sin.

(vi) go dtacóidh na saotharlanna náisiúnta tagartha leis an obair atá déanta ag an líonra Eorpach de Shaotharlanna Náisiúnta Tagartha a bhunaigh an Coimisiún.

2. Measfar gach sonra tuairiscithe faoi Airteagal 27 a bheith bailí ach amháin sonraí arna sonrú gur sonraí sealadacha iad.

▼ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN II

**Cinneadh na riachtanas le haghaidh measúnú ar thiúchain dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhair cháithnínigh ($ÁC_{10}$ agus $ÁC_{2,5}$), luaidhe, beinséin, agus aonocsaíde carbóin san aer comhthimpeallach laistigh de limistéar nó ceirtleán**

## A. TAIRSEACHA UASTA AGUS ÍOSTA MEASÚNAITHE

Beidh feidhm ag na tairseacha uasta agus íosta measúnaithe seo a leanas:

### 1. Dé-ocsaíd sulfair

| | Cosaint sláinte | Cosaint an fhásra |
|---|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 60 % de theorainnluach 24-uair (75 µg/$m^3$, nach sárófar níos mó ná 3 huaire in aon bhliain féilire amháin) | 60 % de leibhéal criticiúil an gheimhridh (12 µg/$m^3$) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 40 % de theorainnluach 24-uair (75 µg/$m^3$, nach sárófar níos mó ná 3 huaire in aon bhliain féilire amháin) | 40 % de leibhéal criticiúil an gheimhridh (8 µg/$m^3$) |

### 2. Dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine

| | Teorainnluach in aghaidh na huaire chun sláinte an duine a chosaint ($NO_2$) | Teorainnluach bliantúil chun sláinte an duine a chosaint ($NO_2$) | Leibhéal criticiúil bliantúil chun fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint ($NO_x$) |
|---|---|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 70 % den teorainnluach (140 µg/$m^3$, nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin) | 80 % den teorainnluach (32 µg/$m^3$) | 80 % den leibhéal criticiúil (24 µg/$m^3$) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 50 % den teorainnluach (100 µg/$m^3$, nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin) | 65 % den teorainnluach (26 µg/$m^3$) | 65 % den leibhéal criticiúil (19,5 µg/$m^3$) |

### 3. Ábhar cáithníneach ($PM_{10}$/$PM_{2,5}$)

| | Meán 24-uair $ÁC_{10}$ | Meán bliantúil | Meán bliantúil |
|---|---|---|---|

| | | ÁC10 | ÁC2,5[13] |
|---|---|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 70 % den teorainnluach (35 µg/m³, nach sárófar níos mó ná 35 uaire in aon bhliain féilire amháin) | 70 % den teorainnluach (28 µg/m³) | 70 % den teorainnluach (17 µg/m³) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 50 % den teorainnluach (25 µg/m³, nach sárófar níos mó ná 35 uaire in aon bhliain féilire amháin) | 50 % den teorainnluach (20 µg/m³) | 50 % den teorainnluach (12 µg/m³) |

## 4. Luaidhe

| | Meán bliantúil |
|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 70 % den teorainnluach (0,35 µg/m³) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 50 % den teorainnluach (0,25 µg/m³) |

## 5. Beinséin

| | Meán bliantúil |
|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 70 % den teorainnluach (3,5 µg/m³) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 40 % den teorainnluach (2 µg/m³) |

## 6. Aonocsaíd charbóin

| | Meán ocht n-uaire |
|---|---|
| Tairseach uasta measúnaithe | 70 % den teorainnluach (7 mg/m³) |
| Tairseach íosta measúnaithe | 50 % den teorainnluach (5 mg/m³) |

[13] Níl feidhm ag an tairseach uasta measúnaithe agus an tairseach íosta measúnaithe do $ÁC_{2,5}$ maidir leis na tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na sprice laghdaithe neamhchosanta $PM_{2,5}$ chun sláinte an duine a chosaint.

➜ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN III

**Measúnú ar cháilíocht acir chomhthimpeallaigh agus suíomh na bpointí samplála do thomhas ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhair cháithnínigh ($ÁC_{10}$ agus $ÁC_{2,5}$), luaidhe, beinséin, agus aonocsaíde carbóin san aer comhthimpeallach**

## A. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Déanfar cáilíocht an acir chomhthimpeallaigh a mheas i ngach limistéar agus i ngach ceirtleán i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

1. Déanfar cáilíocht an acir chomhthimpeallaigh a mheas i ngach suíomh ach amháin iontu siúd atá liostaithe i mír 2, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos i Roinn B agus Roinn C do shuíomh na bpointí samplála le haghaidh tomhais sheasta. Beidh feidhm ag na prionsabail arna mbunú le Roinn B agus Roinn C freisin a mhéid is go bhfuil siad ábhartha chun na suíomhanna sonracha a shainaithint ina mbunaítear tiúchan na dtruailleán ábhartha ina ndéantar measúnú ar cháilíocht an acir chomhthimpeallaigh le tomhais tháscach nó le samhaltú.

2. Ní dhéanfar measúnú ar chomhlíontacht leis na teorainnluachanna atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint ar na suíomhanna seo a leanas:

(a) aon suíomh atá lonnaithe laistigh de cheantair nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus nach bhfuil aon áit chónaithe sheasta iontu;

(b) i gcomhréir le hAirteagal 2(1), ar áitribh mhonarchana nó ag suiteálacha tionsclaíocha a bhfuil feidhm ag gach foráil ábhartha i dtaca le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre maidir leo;

(c) ar charrbhealaigh bóithre; agus ar lárthearmainn bóithre seachas áiteanna ina mbíonn rochtain ag coisithe ar an lárthearmann de ghnáth.

## B. LONNÚ MACRASCÁLA POINTÍ SAMPLÁLA

1. Sláinte an duine a chosaint

(a) Déanfar pointí samplála atá dírithe ar chosaint shláinte an duine a lonnú ar bhealach ina gcuirfear sonraí ar fáil faoin méid seo a leanas:

- na ceantair laistigh de limistéir nó de cheirtleáin ina bhfuil an tiúchain is airde ar dócha é go mbeadh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach air ar feadh tréimhse atá suntasach i ndáil le tréimhse meánaithe an teorainnluacha nó na dteorainnluachanna,

- leibhéil i gceantair eile laistigh de limistéir nó de cheirtleáin a fhreagraíonn do neamhchosaint an phobail i gcoitinne,

(b) Déanfar pointí sampláła a lonnú ar bhealach ina seachnófar tomhais ar mhicrea-thimpeallachtaí an-bheag ina ngarchomharsanacht, rud a chiallaíonn nach mór pointe sampláła a lonnú ar bhealach ina mbeidh an t-aer sampláilte ionadaíoch do cháilíocht aeir i ndeighleog sráide nach lú ná 100 m ar fad ag suíomhanna atá dírithe ar an trácht agus ar a laghad 250 m × 250 m ag suíomhanna tionsclaíocha, nuair is féidir;

(c) Déanfar suíomhanna i gceantair uirbeacha a lonnú ionas go mbeidh tionchar ag an rannchuidiú comhtháite ó na foinsí go léir atá ar thaobh na gaoithe den stáisiún ar a leibhéal truaillithe. Níor cheart an chuid is mó den tionchar a bheith ag foinse aonair ar an leibhéal truaillithe ach amháin má tá a leithéid de chás tipiciúil i gceantar mór uirbeach. Mar riail ghinearálta, beidh na pointí sampláła sin ionadaíoch do roinnt ciliméadar cearnach;

(d) I gcás inarb é an cuspóir measúnú a dhéanamh ar leibhéil i gceantair thuaithe, ní bheidh tionchar ag cceirtleáin ná ag suíomhanna tionsclaíocha ina gharchomharsanacht ar an bpointe sampláła, i.e. suíomhanna atá níos gaire ná cúig ciliméadar;

(e) I gcás ina bhfuil measúnú le déanamh ar rannchuidithe ó fhoinsí tionsclaíocha, déanfar pointe sampláła amháin ar a laghad a shuiteáil ar chúl na gaoithe ón bhfoinse sa cheantar cónaithe is gaire. I gcás nach eol an tiúchan chúlra, déanfar pointe sampláła breise a lonnú laistigh de phríomhthreo na gaoithe;

(f) Beidh pointí sampláła, i gcás inar féidir é, ionadaíoch freisin do shuíomhanna cosúla nach bhfuil ina ngarchomharsanacht;

(g) Tabharfar aird ar an ngá le pointí sampláła a lonnú ar oileáin i gcás ina bhfuil sé sin riachtanach chun sláinte an duine a chosaint.

2. Fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint

Déanfar pointí sampláła atá dírithe ar fhásta agus éiceachórais nádúrtha a chosaint a lonnú níos mó ná 20 km ar shiúl ó cheirtleáin nó níos mó ná 5 km ar shiúl ó cheantair fhoirgnithe, suiteálacha tionsclaíocha nó mótarbhealaí nó mórbhóithre ar a mbíonn níos mó ná 50 000 feithicil in aghaidh an lae, rud a chiallaíonn nach mór pointe sampláła a bheith suite sa chaoi go mbeidh an t-aer sampláilte ionadaíoch ar cháilíocht an aeir i gceantar máguaird atá 1 000 $km^2$ ar a laghad. Is féidir le Ballstát foráil a dhéanamh maidir le pointe sampláła a lonnú níos gaire nó foráil a dhéanamh go mbeidh sé ionadaíoch ar cháilíocht an aeir i limistéir nach bhfuil chomh leathnaithe, ag cur san áireamh na coinníollacha geografacha nó na deiseanna chun limistéir íogair a chosaint.

Tabharfar aird ar an ngá measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir ar oileáin.

## C. LONNÚ MICREASCÁLA PHOINTÍ SAMPLÁLA

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas a mhéid is indéanta:

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.2(a)

– ~~beidh an sreabhadh timpeall an tóireadóra samplála ionraoin neamhshrianta (go gincarálta saor i stua 270° nó 180° ar a laghad le haghaidh pointí samplála ag an líne fhoirgníochta) gan aon bhacainní a dhéanann difear don sreabhadh aeir i ngaireacht an ionraoin (de ghnáth roinnt méadar ar shiúl ó fhoirgnimh, balcóin, crainn agus ó bhacainní eile agus ar a laghad 0,5 m ón bhfoirgneamh is gaire i gcás pointí samplála a léiríonn cáilíocht an aeir ag an líne fhoirgníochta),~~

– ~~go gincarálta, beidh an pointe samplála ionraoin idir 1,5 m (an limistéar análaithe) agus 4 m os cionn na talún. D'fhéadfadh sé gur iomchuí lonnú níos airde freisin má tá an stáisiún ionadaíoch do limistéar mór agus ba cheart aon mhaolú a dhoiciméadú go hiomlán,~~

↓ 2008/50/CE

– ~~ní chuirfear an tóireadóir ionraoin i gcomharsanacht foinsí ionas nach nglacfar isteach go díreach astaíochtaí nach bhfuil measctha leis an aer comhthimpeallach,~~

– ~~lonnófar sceithphíopa an tsamplóra ionas go seachnófar athshruthú aeir an tsamplóra chuig inraon an tsamplóra,~~

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.2(a)

– ~~maidir le gach truailleán, beidh tóireadóirí samplála a dhírítear ar thrácht ar a laghad 25 m ar shiúl ó imeall acomhall mór agus ní bheidh siad níos mó ná 10 m ó cholbha an chosáin. Is éard is 'mór-acomhal' atá le breithniú anseo ann acomhal a chuireann isteach ar an sreabhadh tráchta agus is cúis le hastaíochtaí eile (astaíochtaí stoptha agus imeachta) i gcomparáid leis an gcuid eile den bhóthar,~~

↓ 2008/50/CE

~~Féadfar na tosca seo a leanas a chur san áireamh freisin:~~

– ~~foinsí trasnaíochta,~~

– ~~slándáil,~~

– ~~rochtain,~~

– ~~infhaighteacht chumhacht leictreach agus cumarsáid teileafóin,~~

– ~~infheictheacht an tsuímh i dtaca lena thimpeallacht,~~

– ~~sábháilteacht an phobail agus na n-oibreoirí,~~

– ~~a inmhianaithe atá sé pointí samplála le haghaidh truailleáin éagsúla a lonnú san áit amháin,~~

– ceanglais phleanála.,

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.2(a)

Déanfar aon athrú ar na critéir a liostaítear sa Roinn seo a dhoiciméadú go hiomlán trí na nósanna imeachta a thuairiscítear i Roinn D.

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.2(b)

## D. DOICIMÉADÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ AR ROGHNÚ LÁITHREÁIN

Déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as measúnú ar cháilíocht an aeir, na nósanna imeachta maidir le roghnú láithreáin a dhoiciméadú go hiomlán le haghaidh gach limistéir agus ceirtleáin agus déanfaidh siad faisnéis a thaifeadadh chun tacú le dearadh an líonra agus leis an rogha láithreáin i gcás gach láithreáin faireacháin. Áireofar leis an doiciméadacht grianghraif ina bhfuil airde an chompáis le feiceáil den limistéar mórthimpeall na láithreán faireacháin agus léarscáileanna mionsonraithe. I gcás ina n-úsáidtear modhanna forlíontacha laistigh de limistéar nó de cheirtleán, áireofar leis an doiciméadacht mionsonraí maidir leis na modhanna sin agus faisnéis maidir leis an gcaoi a gcomhlíontar na critéir atá liostaithe in Airteagal 7(3).Tabharfar an doiciméadacht cothrom le dáta de réir mar is gá agus déanfar athbhreithniú uirthi gach 5 bliana ar a laghad, chun a áirithiú go mbeidh na critéir roghnúcháin, dearadh an líonra agus láithreáin faireacháin fós bailí agus optamach le himeacht ama. Cuirfear an doiciméadacht ar fáil don Choimisiún laistigh de 3 mhí tar éis iarraidh a fháil.

↓ 2008/50

# IARSCRÍBHINN IV

## TOMHAIS AG SUÍOMHANNA I GCEANTAIR THUAITHE BEAG BEANN AR THIÚCHAN

### A. Cuspóirí

Is iad príomhchuspóirí na dtomhas sin a áirithiú go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le leibhéil sa chúlra. Tá an fhaisnéis sin riachtanach chun na leibhéil mhéadaithe a bhreithniú i gceantair níos truaillithe (ar nós ceantair uirbeacha, suíomhanna a bhaineann le tionscail, suíomhanna a bhaineann le trácht), measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú féideartha ó iompar fadraoin ó thruailleáin aeir, tacú le hanailís ar chionroinnt foinsí agus chun tuiscint a fháil ar thruailleáin shonracha amhail ábhar cáithníneach. Tá sé riachtanach freisin don úsáid mhéadaithe a bhaintear as samhaltú i gceantair uirbeacha.

## B. Substaintí

Ní mór go n-áireofar le tomhas ÁC$_{2,5}$ mais-tiúchan iomlán agus tiúchain comhdhúile iomchuí ar a laghad chun léiriú a thabhairt ar a chomhdhéanamh ceimiceach. Áireofar ar a laghad an liosta thíos de speicis cheimiceacha.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| $SO_4^{2-}$ | $Na^+$ | $NH_4^+$ | $Ca^{2+}$ | carbón eiliminteach (CE) |
| $NO_3^-$ | $K^+$ | $Cl^-$ | $Mg^{2+}$ | Carbón orgánach (OC) |

## C. Lonnú

Ba cheart tomhais a dhéanamh i gceantair de chúlra uirbeach agus i gceantair de chúlra tuaithe i gcomhréir le cuid A, cuid B agus cuid C d'Iarscríbhinn III.

▼ 2008/50

# IARSCRÍBHINN V

## Critéir chun líon íosta na bpointí samplála a chinneadh do thomhas seasta ar thiúchain ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhair cháithnínigh ($ÁC_{10}$, $ÁC_{2,5}$), luaidhe, beinséine agus aonocsaíde carbóin san aer comhthimpeallach

A. Líon íosta na bpointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh teorainnluachanna le sláinte an duine a chosaint agus tairseacha foláirimh i limistéir agus i gceirtleáin inarb é tomhas seasta an t-aon fhoinse faisnéise

### 1. Foinsí idirleata

| Daonra limistéir nó ceirtleáin (mílte) | Más rud é go sáraíonn na tiúchain uasta an tairseach uasta measúnaithe[14] | | Más rud é go bhfuil na tiúchain uasta idir an tairseach uasta agus an tairseach íosta measúnaithe | |
|---|---|---|---|---|
| | Truailleáin seachas ÁC | PM[15] (suim $PM_{10}$ agus $PM_{2,5}$) | Truailleáin seachas ÁC | PM[16] (suim $PM_{10}$ agus $PM_{2,5}$) |
| 0-249 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| 250-499 | 2 | 3 | 1 | 2 |
| 500-749 | 2 | 3 | 1 | 2 |
| 750-999 | 3 | 4 | 1 | 2 |
| 1 000-1 499 | 4 | 6 | 2 | 3 |
| 1 500-1 999 | 5 | 7 | 2 | 3 |
| 2 000-2 749 | 6 | 8 | 3 | 4 |

14 Le haghaidh dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséin agus aonocsaíd charbóin: lena n-áireofar ar a laghad aon stáisiún faireacháin amháin i gceantar uirbeach agus aon stáisiún amháin dírithe ar an trácht, ar choinníoll is nach dtiocfaidh méadú ar líon na bpointí samplála mar gheall air sin. Maidir leis na truailleáin sin, ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifear idir líon iomlán na stáisiún i gceantair uirbeacha agus líon iomlán na stáisiún dírithe ar an trácht i mBallstát arna cheangal faoi Roinn A(1). Déanfar pointí samplála ag ar sáraíodh teorainnluach $ÁC_{10}$ le trí bliana anuas a choinneáil, ach amháin más gá athlonnú mar gheall ar chúinsí sonracha, go háirithe forbairt spáis.

15 I gcás ina dtomhaistear $ÁC_{2,5}$ agus $ÁC_{10}$ i gcomhréir le hAirteagal 8 ag an stáisiún faireacháin céanna, measfar gur dhá phointe samplála ar leithligh iad. Ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifear idir líon iomlán na bpointí samplála $ÁC_{2,5}$ agus $ÁC_{10}$ i mBallstát arna cheangal faoi Roinn A(1), agus comhlíonfaidh líon na bpointí samplála $ÁC_{2,5}$ i gceantar uirbeach na gceirtleán agus na limistéar uirbeach ceanglais Roinn B d'Iarscríbhinn V.

16 I gcás ina dtomhaistear $ÁC_{2,5}$ agus $ÁC_{10}$ i gcomhréir le hAirteagal 8 ag an stáisiún faireacháin céanna, measfar gur dhá phointe samplála ar leithligh iad. Ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifear idir líon iomlán na bpointí samplála $ÁC_{2,5}$ agus $ÁC_{10}$ i mBallstát arna cheangal faoi Roinn A(1), agus comhlíonfaidh líon na bpointí samplála $ÁC_{2,5}$ i gceantar uirbeach na gceirtleán agus na limistéar uirbeach ceanglais Roinn B d'Iarscríbhinn V.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ~~2 750-3 749~~ | ~~7~~ | ~~10~~ | ~~3~~ | ~~4~~ |
| ~~3 750-4 749~~ | ~~8~~ | ~~11~~ | ~~3~~ | ~~6~~ |
| ~~4 750-5 999~~ | ~~9~~ | ~~13~~ | ~~4~~ | ~~6~~ |
| ~~≥ 6 000~~ | ~~10~~ | ~~15~~ | ~~4~~ | ~~7~~ |

~~**2. Poncfhoinsí**~~

~~Chun measúnú a dhéanamh ar thruailliú i ngar do phoncfhoinsí, déanfar líon na bpointí samplála le haghaidh tomhas seasta a ríomh agus dlús astaíochtaí, patrúin dáileacháin dhóchúla thruailliú an aeir chomhthimpeallaigh agus neamhchosaint fhéideartha an phobail á gcur san áireamh.~~

~~B. Líon íosta na bpointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sprioc laghdaithe neamhchosanta $ÁC_{2,5}$ le sláinte an duine a chosaint~~

~~Déanfar pointe samplála amháin in aghaidh an mhilliúin áitritheoir arna shuimiú as ceirtleáin agus ceantair uirbeacha bhreise ina bhfuil níos mó ná 100 000 áitritheoir a oibriú chun na críche sin. D'fhéadfadh na pointí samplála sin a bheith san áit chéanna leis na pointí samplála faoi Roinn A.~~

~~C. Líon íosta na bpointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na leibhéal criticiúil leis an bhfásra a chosaint i limistéir seachas ceirtleáin~~

| ~~Más rud é go sáraíonn na tiúchain uasta an tairseach uasta measúnaithe~~ | ~~Más rud é go bhfuil na tiúchain uasta idir an tairseach uasta agus an tairseach íosta measúnaithe~~ |
|---|---|
| ~~1 stáisiún gach 20 000 $km^2$~~ | ~~1 stáisiún gach 40 000 $km^2$~~ |

~~I limistéir oileánacha, ba cheart líon na bpointí samplála le haghaidh tomhais sheasta a ríomh ag cur san áireamh patrúin dáileacháin dhóchúla thruailliú an aeir chomhthimpeallaigh agus neamhchosaint fhéideartha an fhásra.~~

↓ 2008/50/CE

# ~~IARSCRÍBHINN VI~~

**~~Modhanna tagartha le haghaidh measúnú ar thiúchain dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhair cháithnínigh (ÁC$_{10}$ agus ÁC$_{2,5}$), luaidhe, beinséin, aonocsaíde carbóin agus ózóin~~**

---

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(a)

**~~A. MODHANNA TAGARTHA LE HAGHAIDH MEASÚNÚ AR THIÚCHAIN DÉ-OCSAÍDE SULFAIR, DÉ-OCSAÍDE NÍTRIGINE AGUS OCSAÍDÍ NÍTRIGINE, ÁBHAIR CHÁITHNÍNIGH (ÁC$_{10}$ AGUS ÁC$_{2,5}$), LUAIDHE, BEINSÉIN, AONOCSAÍDE CARBÓIN AGUS ÓZÓIN~~**

**~~1. Modh tagartha chun dé-ocsaíd sulfair a thomhas~~**

~~An modh a bhfuil cur síos air in EN 14212:2012 'Ambient air quality — Standard method for the measurement of the concentration of sulphur dioxide by ultraviolet fluorescence', sin é an modh tagartha chun dé-ocsaíd sulfair a thomhas.~~

**~~2. Modh tagartha chun dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine a thomhas~~**

~~An modh a bhfuil cur síos air in EN 14211:2012 'Ambient air quality — Standard method for the measurement of the concentration of sulphur dioxide by ultraviolet fluorescence', sin é an modh tagartha chun dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine a thomhas.~~

---

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(a) arna leasú le Ceartúchán, IO L 072, 14.3.2019, lch. 141

**~~3. Modh tagartha chun luaidhe a shamplú agus a thomhas~~**

~~An modh a bhfuil cur síos air i Roinn A(4) den Iarscríbhinn seo, sin é an modh tagartha chun luaidhe a shamplú. An modh a bhfuil cur síos air in EN 14902:2005 'Standard method for measurement of Pb/Cd/As/Ni in the PM$_{10}$ fraction of suspended particulate matter', sin é an modh tagartha chun luaidhe a thomhas.~~

---

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(a)

**~~4. Modh tagartha chun PM$_{10}$ a shamplú agus a thomhas~~**

~~An modh a bhfuil cur síos air in EN12341:2014 'Standard gravimetric measurement method for the determination of the PM$_{10}$ or PM$_{2,5}$ mass fraction of suspended particulate matter', sin é an modh tagartha chun ÁC$_{10}$ a thomhas.~~

5. Modh tagartha chun $PM_{2,5}$ a shamplú agus a thomhas

An modh a bhfuil cur síos air in EN12341:2014 'Standard gravimetric measurement method for the determination of the $PM_{10}$ or $PM_{2,5}$ mass fraction of suspended particulate matter', sin é an modh tagartha chun $ÁC_{2,5}$ a thomhas

---

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(a) arna leasú le Ceartúchán, IO L 072, 14.3.2019, lch. 141

6. Modh tagartha chun beinséin a shamplú agus a thomhas

An modh a bhfuil cur síos air in EN 14662:2005, cuid 1, cuid 2 agus cuid 3 'Ambient air quality — Standard method for measurement of benzene concentrations', sin é an modh tagartha chun beinséin a thomhas.

---

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(a)

7. Modh tagartha chun aonocsaíd charbóin a thomhas

An modh a bhfuil cur síos air in EN 14626:2012 'Ambient air — Standard method for the measurement of the concentration of carbon monoxide by non-dispersive infrared spectroscopy', sin é an modh tagartha chun dé-ocsaíd charbóin a thomhas.

8. Modh tagartha chun ózón a thomhas

An modh a bhfuil cur síos air in EN 14625:2012 'Ambient air — Standard method for the measurement of the concentration of ozone by ultraviolet photometry', sin é an modh tagartha chun ózón a thomhas.

---

↓ 2008/50/CE

B. LÉIRIÚ COIBHÉISE

1. Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as aon mhodh eile ar féidir leis a léiriú a thugann torthaí atá coibhéiseach le haon cheann de na modhanna dá dtagraítear i Roinn A nó, i gcás ábhar cáithníneach, aon mhodh eile ar féidir leis an Ballstát a léiriú a bhfuil caidreamh comhsheasmhach aige leis an modh tagartha. Sa chás sin, ní mór na torthaí a bhaintear amach leis an modh sin a cheartú chun torthaí a chur ar fáil atá coibhéiseach leis na torthaí a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as an modh tagartha.

2. Féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur ar na Ballstáit tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid maidir le léiriú na coibhéiseachta i gcomhréir le mír 1.

3. Agus measúnú á dhéanamh ar inghlacthacht na tuarascála a luaitear i mír 2, déanfaidh an Coimisiún tagairt don treoir uaidh maidir le léiriú na coibhéiseachta (le foilsiú). I gcás ina raibh fachtóirí coibhéise eatramhacha á n-úsáid chun coibhéiseacht a chomhfhogasú, déanfar an choibhéiseacht a dhearbhú agus/nó a leasú ag tabhairt aird don treoir ón gCoimisiún.

~~4. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an ceartú go cúlghabhálach freisin, nuair is iomchuí, ar shonraí tomhaiste ón am a chuaigh thart chun inchomparáideacht níos fearr idir shonraí a bhaint amach.~~

## ~~C. CAIGHDEÁNÚ~~

~~Maidir le truailleáin ghásacha, ní mór an toirt a chaighdeánú ag teocht 293 K agus brú atmaisféarach 101.3 kPa. Maidir le hábhar cáithníneach agus substaintí atá le hanailísiú in ábhar cáithníneach (e.g. Luaidhe), tagraíonn an toirt shamplála do choinníollacha comhthimpeallacha i dtéarmaí teochta agus brú atmaisféaraigh ar dháta na dtomhas.~~

## ~~E. SONRAÍ A AITHINT GO FRITHPHÁIRTEACH~~

---

🡻 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.3(c)

~~Agus é á léiriú go bhfuil ceanglais feidhmíochta na modhanna tagartha a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh ag an trealamh, glacfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla arna sannadh de bhun Airteagal 3 tuarascálacha tástála arna n-eisiúint i mBallstáit eile ag saotharlanna atá creidiúnaithe leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha do shaotharlanna tástála agus calabrúcháin.~~

~~Beidh na tuarascálacha mionsonraithe tástála agus torthaí uile na dtástálacha ar fáil d'údaráis inniúla eile nó dá gcomhlachtaí ainmnithe. Léireofar sna tuarascálacha tástála go gcomhlíonann an trealamh na ceanglais feidhmíochta go léir lena n-áirítear i gcás ina mbaineann roinnt dálaí comhshaoil agus láithreáin go sonrach le Ballstát agus go bhfuil siad lasmuigh de na dálaí ar tástáladh an trealamh ina leith cheana agus gur cineálcheadaíodh iad i mBallstát eile.~~

| ↓ 2008/50/CE |
|---|

# IARSCRÍBHINN VII

## SPRIOCLUACHANNA ÓZÓIN AGUS CUSPÓIRÍ FADTÉARMACHA

### A. SAINMHÍNITHE AGUS CRITÉIR

### 1. Sainmhínithe

Ciallaíonn AOT40 (arna shloinneadh in ($\mu g/m^3$) · uaire) suim na difríochta idir tiúchain in aghaidh na huaire atá os cionn 80 $\mu g/m^3$ (= 40 codanna sa bhilliún) agus 80 $\mu g/m^3$ thar thréimhse ar leith, ag úsáid na luachanna aon uaire an chloig idir 8.00 agus 20.00 Am Lár na hEorpa (CET) gach lá, agus na luachanna sin amháin.

### 2. Critéir

Úsáidfear na critéir seo a leanas chun bailíocht a sheiceáil nuair atá sonraí á gcomhiomlánú agus paraiméadair staitistiúla á ríomh:

| Paraiméadar | Céatadán riachtanach de na sonraí bailí |
|---|---|
| Luachanna aon uaire an chloig | 75 % (i.e. 45 nóiméad) |
| Luachanna ocht n-uaire | 75 % de luachanna (i.e. sé huaire) |
| An meán laethúil uasta 8 n-uaire ó mheáin 8 n-uaire gach uair an chloig | 75 % de na meáin ocht n-uaire gach uair an chloig (i.e. 18 meán ocht n-uaire in aghaidh an lae) |
| AOT40 | 90 % de na meáin aon uaire thar na tréimhse arna sainiú chun luach AOT40 a ríomh[17] |
| Meán bliantúil | 75 % de na luachanna aon uaire an chloig le linn an tsamhraidh (Aibreán go Meán Fómhair) agus 75 % le linn an gheimhridh (Eanáir go Márta, Deireadh Fómhair go Nollaig) |

---

17 I gcásanna nach bhfuil na sonraí tomhaiste go léir ar fáil, úsáidfear an fachtóir seo a leanas chun luachanna AOT40 a ríomh:

| | |
|---|---|
| $AOT40_{meastachán} = AOT40_{tomhaiste} \times$ | líon féideartha uasta na n-uaireanta (*) |
| | líon na luachanna in aghaidh na huaire tomhaiste |

(*) arb ionann agus líon na n-uaireanta laistigh de thréimhse sainithe AOT40, (i.e. 08:00 go 20:00 CET ón 1 Bealtaine go 31 Iúil gach bliain, do chosaint an fhásra agus ón 1 Aibreán go 30 Meán Fómhair gach bliain do chosaint na bhforaoisí).

| | |
|---|---|
| | ar leithligh |
| Líon na sáruithe agus luachanna uasta in aghaidh na míosa | 90 % de na meánluachanna uasta laethúil ocht n-uaire (27 luach laethúil ar fáil in aghaidh na míosa)<br><br>90 % de na luachanna aon uaire an chloig idir 8.00 agus 20.00 CET |
| Líon na sáruithe agus luachanna uasta in aghaidh na bliana | cúig mhí as sé cinn le linn séasúr an tsamhraidh (Aibreán go Meán Fómhair) |

## B. SPRIOCLUACHANNA

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Spriocluach | An dáta faoina bhfuil an spriocluach le comhlíonadh[18] |
|---|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | An meán laethúil uasta ocht n-uaire[19] | 120 µg/m³ nach sárófar níos minice ná 25 lá in aghaidh na bliana féilire, meánaithe thar thrí bliana[20] | 1.1.2010 |
| Fásra a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (ríofa as luachanna 1 uair an chloig)<br><br>18 000 µg/m³ · uaireanta an chloig meánaithe thar 5 bliana[21] | 1.1.2010 |

18 Déanfar comhlíonadh na spriocluachanna a mheas ón dáta seo. Is é sin le rá gurb é 2010 an chéad bhliain a n-úsáidfear na sonraí don bhliain sin chun comhlíonadh a ríomh sna trí bliana nó sna cúig bliana ina dhiaidh sin, de réir mar is iomchuí.

19 Roghnófar an tiúchan meánach laethúil uasta ocht n-uaire trí mheáin fhadtéarmacha ocht n-uaire a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus tugtha cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán ocht n-uaire a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is ó 17:00 ar an lá roimhe go dtí 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is ó 16:00 go dtí 24:00 ar an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha in aon lá amháin.

20 Mura féidir na meáin trí bliana nó cúig bliana a chinneadh ar bhonn tacar iomlán leantach de shonraí bliantúla, is mar seo a leanas a bheidh na sonraí íosta bliantúla atá riachtanach chun comhlíonadh na spriocluachanna a sheiceáil:

– don spriocluach chun sláinte an duine a chosaint: sonraí bailí ar feadh aon bhliain amháin,

– don spriocluach chun an fásra a chosaint: sonraí bailí ar feadh trí bliana.

–

21 Mura féidir na meáin trí bliana nó cúig bliana a chinneadh ar bhonn tacar iomlán leantach de shonraí bliantúla, is mar seo a leanas a bheidh na sonraí íosta bliantúla atá riachtanach chun comhlíonadh na spriocluachanna a sheiceáil:

## ~~C. CUSPÓIRÍ FADTÉARMACHA~~

| ~~Cuspóir~~ | ~~Tréimhse mheánaithe~~ | ~~Cuspóir fadtéarmach~~ | ~~An dáta faoina bhfuil an cuspóir fadtéarmach le comhlíonadh~~ |
|---|---|---|---|
| ~~Sláinte an duine a chosaint~~ | ~~Meán uasta laethúil ocht n-uaire i mbliain féilire~~ | ~~120 µg/m$^3$~~ | ~~gan sainiú~~ |
| ~~Fásra a chosaint~~ | ~~Mí na Bealtaine go mí Iúil~~ | ~~AOT40 (ríofa ó luachanna 1 uaire) 6 000 µg/m$^3$ · h~~ | ~~gan sainiú~~ |

~~– don spriocluach chun sláinte an duine a chosaint: sonraí bailí ar feadh aon bhliain amháin,~~

~~– don spriocluach chun an fásra a chosaint: sonraí bailí ar feadh trí bliana.~~

–

▼ 2008/50

# ~~IARSCRÍBHINN VIII~~

## ~~Na critéir chun pointí samplála a rangú agus a lonnú le measúnú a dhéanamh ar thiúchain ózóin~~

~~Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le tomhais sheasta:~~

### ~~A. Lonnú macrascála~~

| ~~Cineál an stáisiúin~~ | ~~Cuspóirí tomhais~~ | ~~Ionadaíochas~~[22] | ~~Critéir an lonnaithe mhacrascéala~~ |
|---|---|---|---|
| ~~Uirbeach~~ | ~~Sláinte an duine a chosaint:~~<br><br>~~chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint an daonra i gceantair uirbeacha ar ózóin, i.e. in áit ina bhfuil dlús an daonra agus tiúchain ózóin measartha ard agus ionadaíoch do neamhchosaint an phobail i gcoitinne~~ | ~~Cúpla km$^2$~~ | ~~Ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós trácht, stáisiúin pheitril, etc.;~~<br><br>~~suíomhanna le gaothairí inar féidir leibhéil atá measctha go maith a thomhas;~~<br><br>~~Suíomhanna ar nós limistéir chónaitheacha agus tráchtála i gcathracha, páirceanna (ar shiúl ó na crainn), sráideanna nó cearnóga móra ar a bhfuil beagán tráchta nó gan aon trácht, limistéir oscailte den chineál a bhíonn ag áiseanna oideachais, spóirt nó áineasa, de ghnáth~~ |
| ~~Fo-uirbeach~~ | ~~Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:~~<br><br>~~Chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint an daonra agus an~~ | ~~Roinnt deicheanna de km$^2$~~ | ~~Fad áirithe ó limistéar na n-astaíochtaí uasta, ar chúl na gaoithe a leanann príomhthreo/príomhthreonna na gaoithe le linn coinníollacha atá fabhrach d'fhoirmiú ózóin;~~ |

[22] ~~Ba cheart pointí samplála, i gcás inar féidir é, a bheith ionadaíoch ar shuíomhanna cosúla nach bhfuil ina ngarchomharsanacht.~~

| | | | |
|---|---|---|---|
| | fhásra atá lonnaithe ar imeall an cheirtleáin, áit a bhfuil na leibhéil is airde ózóin ar dócha go mbeidh an daonra agus an fásra neamhchosanta orthu go díreach nó go hindíreach | | áit a bhfuil an daonra, barra leochaileacha nó éiceachórais nádúrtha atá lonnaithe ar bhruacha ceirtleáin neamhchosanta ar leibhéil ard ozóin;<br><br>i gcás inarb iomchuí, roinnt stáisiún i gceantair fo-uirbeacha atá ar thaobh na gaoithe de limistéar na n-astaíochtaí uasta, ionas go mbeifear in ann na leibhéil ózóin sa réigiún a chinneadh |
| Tuaithe | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:<br><br>chun neamhchosaint an daonra, barra agus éiceachórais nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála fo-réigiúnach a mheas | Leibhéil fho-réigiúnacha<br><br>(roinnt céadta de $km^2$) | D'fhéadfadh stáisiúin a bheith lonnaithe i lonnaíochtaí beaga agus/nó áit a bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí nó barra;<br><br>ionadaíoch ar ózóin ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós suiteálacha tionsclaíocha agus bóithre;<br><br>ag suíomhanna oscailte, ach ní ar mhullaigh shléibhte arda |
| Ceantar tuaithe | Fásra agus sláinte an duine a chosaint:<br><br>chun neamhchosaint barra agus éiceachórais nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála réigiúnach a mheas chomh maith le neamhchosaint an daonra | Leibhéil réigiúnacha/náisiúnta/ilchríochacha<br><br>(1 000 go 10 000 $km^2$) | Stáisiún atá lonnaithe i gceantair ina bhfuil dlús daonra níos ísle, e.g. ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí, atá ar a laghad 20 km ó cheantair uirbeacha agus tionsclaíocha agus ar shiúl ó astaíochtaí áitiúla;<br><br>seachain suíomhanna atá faoi réir chruthú coinníollacha inbhéartaithe gar don talamh atá méadaithe go háitiúil chomh maith le mullaigh na sléibhte is |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | airde;<br><br>ní moltar suíomhanna ar an gcósta áit a bhfuil timthriallta gaoithe laethúla suntasacha áitiúla. |

Maidir le stáisiúin tuaithe agus cúlra tuaithe, déanfar an suíomh a chomhordú, i gcás inarb iomchuí, le riachtanas faireacháin Rialachán (CE) Uimh. 1737/2006 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2152/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán ar fhoraoiseacha agus idirghníomhú comhshaoil sa Chomhphobal[23].

## B. LONNÚ MICREASCÁLA

A mhéid is indéanta, leanfar an nós imeachta maidir le lonnú micreascála atá i Roinn C d'Iarscríbhinn III, lena n-áiritheofar freisin go bhfuil an tóradóir ionraoin suite ar shiúl ó fhoinsí amhail foirnéisí agus múcháin loiscthe agus níos mó ná 10 m ón mbóthar is gaire, agus an fad ag méadú mar fheidhm de dhlús an tráchta.

## C. DOICIMÉADACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR ROGHNÚ LÁITHREÁIN

Leanfar na nósanna imeachta atá i Roinn D d'Iarscríbhinn III, trí scagadh ceart agus léamh ceart a dhéanamh ar na sonraí faireacháin i gcomhthéacs na bpróiseas meitéareolaíochta agus fótaceimiceach a dhéanann difir do na tiúchain ózóin a thomhaistear ag na suíomhanna faoi seach.

23 IO L 334, 30.11.2006, lch. 1.

↓ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN IX

## Na critéir chun líon íosta na bpointí samplála a chinneadh do thomhas seasta tiúchan ózóin

↓ 2015/1480 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.4

### A. LÍON ÍOSTA NA BPOINTÍ SAMPLÁLA DO THOMHAS SEASTA TIÚCHAN ÓZÓIN

Líon íosta na bpointí samplála le haghaidh tomhais sheasta leanúnacha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocluachanna, cuspóirí fadtéarmacha agus tairseacha faisnéise agus foláirimh ina áiteanna inarb iad na tomhais sin an t-aon fhoinse faisnéise.

| Daonra (× 1 000) | Ceirtleán[24] | Limistéir eile[25] | Ceantar tuaithe |
|---|---|---|---|
| < 250 | | 1 | 1 stáisiún/50 000 km² mar mheándlús ar fud na limistéar go léir in aghaidh na tíre[26] |
| < 500 | 1 | 2 | |
| < 1 000 | 2 | 2 | |
| < 1 500 | 3 | 3 | |
| < 2 000 | 3 | 4 | |
| < 2 750 | 4 | 5 | |
| < 3 750 | 5 | 6 | |
| > 3 750 | Stáisiún breise amháin in aghaidh an 2 mhilliún áitritheoir | Stáisiún breise amháin in aghaidh an 2 mhilliún áitritheoir | |

24 Stáisiún amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra neamhchosanta ar na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin beidh ar a laghad 50 % den stáisiún lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha.

25 Stáisiún amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra neamhchosanta ar na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin beidh ar a laghad 50 % den stáisiún lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha.

26 Moltar 1 stáisiún in aghaidh gach 25 000 km² do thír-raon coimpléascach.

↓ 2008/50/CE

**B.** **LÍON ÍOSTA NA BPOINTÍ SAMPLÁLA LE HAGHAIDH TOMHAIS SHOCRAITHE DO LIMISTÉIR AGUS DO CHEIRTLEÁIN A BHAINEANN NA CUSPÓIRÍ FADTÉARMACHA AMACH**

Beidh líon na bpointí samplála le haghaidh ózóin, i gcomhcheangal le modhanna eile measúnaithe forlíontaigh ar nós samhaltú cáilíochta aeir agus tomhais chomhlogaithe dé-ocsaíde nítrigine, leordhóthanach chun scrúdú a dhéanamh ar threo an truaillithe ózóin agus chun comhlíonadh na gcuspóirí fadtéarmacha a sheiceáil. Is féidir líon na stáisiún lonnaithe i gceirtleáin agus i limistéir eile a laghdú go dtí aon trian den líon arna shonrú i Roinn A. I gcás inarb í faisnéis ó stáisiúin tomhais sheasta an t-aon fhoinse faisnéise, coinneofar ar a laghad stáisiún faireacháin amháin. Más rud é, i limistéir ina bhfuil measúnú forlíontach, gurb é an toradh atá air sin nach bhfuil aon stáisiún fágtha i limistéar, áiritheofar measúnú leordhóthanach ar thiúchain ózóin i gcomparáid leis na cuspóirí fadtéarmacha trí chomhordú a dhéanamh leis na stáisiúin i limistéir chomharsanacha. Is aon cheann in aghaidh gach 100 000 $km^2$ líon na stáisiún a bheidh i gceantair thuaithe.

▼ 2008/50

# ~~IARSCRÍBHINN X~~

## ~~TOMHAIS SHUBSTAINTÍ RÉAMHTHEACHTACHA ÓZÓIN~~

### ~~A. CUSPÓIRÍ~~

~~Is iad príomhchuspóirí na dtomhas sin anailís a dhéanamh ar aon treocht i réamhtheachtaithe ózóin, éifeachtúlacht straitéisí laghdaithe astaíochtaí a sheiceáil, comhsheasmhacht fardal astaíochtaí a sheiceáil agus cabhrú chun foinsí astaíochtaí a shannadh do thiúchain truailleáin atá breathnaithe.~~

~~Is aidhm bhreise é tacú le tuiscint a fháil ar fhoirmiú ózóin agus próisis scaipthe réamhtheachtaithe, chomh maith le cur i bhfeidhm shamhlacha fótaiceimiceacha.~~

### ~~B. SUBSTAINTÍ~~

~~Áireofar le tomhas na substaintí réamhtheachtaithe ózóin ocsaídí nítrigine (NO agus $NO_2$) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSO) ar a laghad. Seo thíos liosta de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha arna moladh le haghaidh tomhais:~~

| | ~~1-Búitéin~~ | ~~Isipréin~~ | ~~Beinséin eitile~~ |
|---|---|---|---|
| ~~Eatán~~ | ~~Tras-2-Búitéin~~ | ~~n-Heicseán~~ | ~~m + p-Xiléin~~ |
| ~~Eitiléin~~ | ~~cis-2-Búitéin~~ | ~~i-Heicseán~~ | ~~o-Xiléin~~ |
| ~~Aicéitiléin~~ | ~~1,3-Bútaidhé-éin~~ | ~~n-Heaptán~~ | ~~1,2,4-Trimheitilbeinséin~~ |
| ~~Própán~~ | ~~n-Peantán~~ | ~~n-Ochtán~~ | ~~1,2,3-Trimheitilbeinséin~~ |
| ~~Próipéin~~ | ~~i-Peantán~~ | ~~i-Ochtán~~ | ~~1,3,5-Trimheitilbeinséin~~ |
| ~~n-Bútán~~ | ~~1-Peintéin~~ | ~~Beinséin~~ | ~~Formaildéad~~ |
| ~~i-Bútán~~ | ~~2-Peintéin~~ | ~~Tolúéin~~ | ~~Iomlán na hidreacarbón neamh-mheatáin~~ |

### ~~C. LONNÚ~~

~~Déanfar tomhais go háirithe i gceantair uirbeacha nó fo-uirbeacha ag aon suíomh faireacháin arna bhunú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus a mheastar iad a bheith iomchuí i dtaca leis na cuspóirí faireacháin dá dtagraítear i Roinn A.~~

▼ 2008/50

# IARSCRÍBHINN XI

## TEORAINNLUACHANNA CHUN SLÁINTE AN DUINE A CHOSAINT

### A. CRITÉIR

Gan dochar d'Iarscríbhinn I, úsáidfear na critéir seo a leanas chun bailíocht a sheiceáil nuair atá sonraí á gcomhiomlánú agus paraiméadair staitistiúla á ríomh:

| Paraiméadar | Céatadán riachtanach de na sonraí bailí |
|---|---|
| Luachanna aon uaire an chloig | 75 % (i.e. 45 nóiméad) |
| Luachanna ocht n-uaire | 75 % de luachanna (i.e. 6 huaire) |
| An meán laethúil uasta 8 n-uaire | 75 % de na meáin ocht n-uaire gach uair an chloig (i.e. 18 meán ocht n-uaire in aghaidh an lae) |
| Luachanna 24 huaire | 75 % de na meáin in aghaidh na huaire (i.e. Luachanna 18 n-uaire ar a laghad) |
| Meán bliantúil | 90 %[27] de na luachanna aon uaire an chloig nó (mura bhfuil siad ar fáil) luachanna 24 uaire ar feadh na bliana |

### B. TEORAINNLUACHANNA

| Tréimhse mheánaithe | Teorainnluach | An corrlach lamháltais | An dáta faoina bhfuil an teorainnluach le comhlíonadh |
|---|---|---|---|
| Dé-ocsaíd sulfair | | | |
| Aon uair an chloig | 350 µg/m³, nach sárófar níos mó ná 24 uaire in aon bhliain féilire amháin | 150 µg/m³ (43 %) | —[28] |

27 Ní áirítear sna ceanglais maidir le ríomh an mheáin bhliantúil cailliteanais sonraí mar gheall ar chalabrú rialta nó gnáthchothabháil na hionstraimíochta.

28 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005

| | | | |
|---|---|---|---|
| Lá amháin | 125 µg/m³, nach sárófar níos mó ná 3 uaire in aon bhliain féilire amháin | Gan ann dóibh | —[29] |
| Dé-ocsaíd nítrigine | | | |
| Aon uair an chloig | 200 µg/m³, nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin | 50 % an 19 Iúil 1999, ag laghdú an 1 Eanáir 2001 agus gach 12 mhí tar éis sin de chéatadáin chothroma bhliantúla chun 0 % a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2010 | 1 Eanáir 2010 |
| Bliain féilire | 40 µg/m³ | 50 % an 19 Iúil 1999, ag laghdú an 1 Eanáir 2001 agus gach 12 mhí tar éis sin de chéatadáin chothroma bhliantúla chun 0 % a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2010 | 1 Eanáir 2010 |
| Beinséin | | | |
| Bliain féilire | 5 µg/m³ | 5 µg/m³ (100 %) an 13 Nollaig 2000, ag laghdú 1 µg/m³ an 1 Eanáir 2006 agus gach 12 mhí tar éis sin chun 0 % a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2010 | 1 Eanáir 2010 |
| Aonocsaíd charbóin | | | |
| An meán laethúil uasta ocht n-uaire[30] | 10 mg/m³ | 60 % | —[31] |
| Luaidhe | | | |
| Bliain féilire | 0,5 µg/m³[32] | 100 % | —[33] |

29 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005

30 Roghnófar an tiúchan meánach laethúil uasta ocht n-uaire trí mheáin fhadtéarmacha ocht n-uaire a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus tugtha cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán ocht n-uaire a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha in aon lá amháin.

31 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005

32 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005. An teorainnluach le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2010 i ngaireacht na bhfoinsí sonracha tionsclaíocha atá lonnaithe ar shuíomhanna atá éillithe mar gheall ar bhlianta fada

| | | | |
|---|---|---|---|
| $PM_{10}$ | | | |
| Lá amháin | 50 µg/m$^3$, nach sárófar níos mó ná 35 uaire in aon bhliain féilire amháin | 50 % | —[34] |
| Bliain féilire | 40 µg/m$^3$ | 20 % | —[35] |

de ghníomhaíochtaí tionsclaíocha. I gcásanna den sórt sin, is 1,0 µg/m$^3$ an teorainnluach go dtí an 1 Eanáir 2010. Maidir le hachar an limistéir ina mbeidh feidhm ag teorainnluachanna uasta, is gá nach síneoidh sé níos faide ná 1 000 m ó fhoinsí sonracha den sórt sin.

33 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005. An teorainnluach le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2010 i ngaireacht na bhfoinsí sonracha tionsclaíocha atá lonnaithe ar shuíomhanna atá éillithe mar gheall ar bhlianta fada de ghníomhaíochtaí tionsclaíocha. I gcásanna den sórt sin, is 1,0 µg/m$^3$ an teorainnluach go dtí an 1 Eanáir 2010. Maidir le hachar an limistéir ina mbeidh feidhm ag teorainnluachanna uasta, is gá nach síneoidh sé níos faide ná 1 000 m ó fhoinsí sonracha den sórt sin.

34 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005

35 I bhfeidhm cheana ón 1 Eanáir 2005

▼ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN XII

# TAIRSEACHA FAISNÉISE AGUS FOLÁIRIMH

## A. TAIRSEACHA FOLÁIRIMH LE HAGHAIDH TRUAILLEÁN SEACHAS ÓZÓN

Le tomhas thar thrí huaire an chloig ag suíomhanna atá ionadaíoch do cháilíocht aeir ar fud 100 $km^2$ ar a laghad nó limistéar nó ceirtleán iomlán, cibé acu is lú.

| Truailleán | Tairseach foláirimh |
|---|---|
| Dé-ocsaíd sulfair | 500 $\mu g/m^3$ |
| Dé-ocsaíd nítrigine | 400 $\mu g/m^3$ |

## B. TAIRSEACHA FAISNÉISE AGUS FOLÁIRIMH ÓZÓIN

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Tairseach |
|---|---|---|
| Faisnéis | 1 uair an chloig | 180 $\mu g/m^3$ |
| Foláireamh | 1 uair an chloig[36] | 240 $\mu g/m^3$ |

36 Chun Airteagal 24 a chur chun feidhme, déanfar sárú na tairsí a thomhas nó a thuar ar feadh trí huaire an chloig.

▼ 2008/50

## ~~IARSCRÍBHINN XIII~~

## ~~LEIBHÉIL CHRITICIÚLA CHUN AN FÁSRA A CHOSAINT~~

| ~~Tréimhse mheánaithe~~ | ~~Leibhéal criticiúil~~ | ~~An corrlach lamháltais~~ |
|---|---|---|
| ~~Dé-oesaíd sulfair~~ | | |
| ~~Bliain féilire agus an geimhreadh (an 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta)~~ | ~~20 µg/m³~~ | ~~Gan ann dóibh~~ |
| ~~Oesaídí nítrigine~~ | | |
| ~~Bliain féilire~~ | ~~30 µg/m³ $NO_x$~~ | ~~Gan ann dóibh~~ |

▼ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN XIV

## SPRIOC NÁISIÚNTA LAGHDAITHE NEAMHCHOSANTA, SPRIOCLUACH AGUS TEORAINNLUACH DO ÁC$_{2,5}$

### A. TÁSCAIRE NEAMHCHOSANTA MEÁNAÍ

Beidh an Táscaire Neamhchosanta Meánaí, arna sloinneadh i µg/m$^3$ (TNM), bunaithe ar thomhais i suíomhanna i gceantair uirbeacha i limistéir agus i gceirtleáin ar fud chríoch Ballstáit. Ba cheart é a mheas mar thiúchan meánach bliantúil leanúnach thar thrí bliana, meánaithe thar na pointí samplála go léir arna mbunú de bhun Roinn B d'Iarscríbhinn V. Is é tiúchan meánach na mblianta 2008, 2009 agus 2010 TNM na bliana tagartha 2010.

I gcás nach bhfuil sonraí ar fáil don bhliain 2008, áfach, is féidir leis na Ballstáit tiúchan meánach na mblianta 2009 agus 2010 a úsáid nó tiúchan meánach na mblianta 2009, 2010 agus 2011. Cuirfidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as na féidearthachtaí sin a gcinntí in iúl don Choimisiún faoin 11 Meán Fómhair 2008.

Is tiúchan meánach leanúnach thrí bliana arna meánú thar na pointí samplála go léir sin do na blianta 2018, 2019 agus 2020 TNM na bliana 2020. Úsáidfear an TNM lena scrúdú an bhfuil an sprioc náisiúnta laghdaithe neamhchosanta a comhlíonadh.

Is tiúchan meánach leanúnach thrí bliana arna meánú thar na pointí samplála go léir sin do na blianta 2013, 2014 agus 2015 TNM na bliana 2015. Úsáidfear an TNM lena scrúdú an bhfuil an oibleagáid tiúchana neamhchosanta á comhlíonadh.

### B. SPRIOC NÁISIÚNTA LAGHDAITHE NEAMHCHOSANTA

| An sprioc laghdaithe neamhchosanta i gcoibhneas leis an TNM in 2010 | | An bhliain faoina bhfuil an sprioc laghdaithe neamhchosanta le comhlíonadh |
|---|---|---|
| Tiúchan tosaigh in µg/m$^3$ | Sprioc laghdaithe i gcéatadán | 2020 |
| < 8,5 = 8,5 | 0 % | |
| > 8,5 — < 13 | 10 % | |
| = 13 — < 18 | 15 % | |
| = 18 — < 22 | 20 % | |
| ≥ 22 | Gach beart iomchuí chun 18 µg/m$^3$ a bhaint amach | |

I gcás inarb ionann TNM na bliana tagartha agus 8,5 µg/m$^3$ nó níos lú, beidh an sprioc laghdaithe neamhchosanta nialasach. Beidh an sprioc laghdaithe nialasach freisin i gcásanna ina mbaineann an TNM 8,5 µg/m$^3$ amach aon uair le linn na tréimhse ó 2010 go dtí 2020 agus ina gcoinnítear ag an leibhéal sin nó faoin leibhéal sin é.

## C. OIBLEAGÁID TIÚCHANA NEAMHCHOSANTA

| Oibleagáid tiúchana neamhchosanta | An bhliain faoina bhfuil an luach oibleagáide le comhlíonadh |
|---|---|
| 20 µg/m$^3$ | 2015 |

## D. SPRIOCLUACH

| Tréimhse mheánaithe | Spriocluach | An dáta faoina bhfuil an spriocluach le comhlíonadh |
|---|---|---|
| Bliain féilire | 25 µg/m$^3$ | 1 Eanáir 2010 |

## E. TEORAINNLUACH

| Tréimhse mheánaithe | Teorainnluach | An corrlach lamhháltais | An dáta faoina bhfuil an teorainnluach le comhlíonadh |
|---|---|---|---|
| CÉIM 1 | | | |
| Bliain féilire | 25 µg/m$^3$ | 20 % an 11 Meitheamh 2008, ag laghdú an 1 Eanáir tar éis sin agus gach 12 mhí tar éis sin de chéatadáin chothroma bhliantúla chun 0 % a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2015 | 1 Eanáir 2015 |
| CÉIM 2[37] | | | |
| Bliain féilire | 20 µg/m$^3$ | | 1 Eanáir 2020 |

[37] Céim 2 — teorainnluach táscach le hathbhreithniú ag an gCoimisiún in 2013 i bhfianaise tuilleadh faisnéise maidir le héifeachtaí ar shláinte agus ar an gcomhshaol, indéantacht theicniúil agus an taithí faighte sna Ballstáit ar an spriocluach.

▼ 2008/50

# ~~IARSCRÍBHINN XV~~

**~~Faisnéis le háireamh sna pleananna áitiúla, reigiúnacha nó náisiúnta cáilíochta aeir chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh~~**

## ~~A. FAISNÉIS ATÁ LE CUR AR FÁIL DE RÉIR AIRTEAGAL 23 (PLEANANNA CÁILÍOCHTA AEIR)~~

### ~~1. Ró-thruailliú a logánú~~

~~(a) réigiún;~~

~~(b) cathair (léarscáil);~~

~~(c) stáisiún tomhaiste (léarscáil, comhordanáidí geografacha).~~

### ~~2. Faisnéis ghinearálta~~

~~(a) cineál limistéir (cathair, limistéar tionsclaíoch nó ceantar tuaithe);~~

~~(b) meastachán den limistéar truaillithe ($km^2$) agus den daonra arna neamhchosaint ar an truailliú;~~

~~(c) sonraí úsáideacha aeráide;~~

~~(d) sonraí ábhartha maidir le topagrafaíocht;~~

~~(e) faisnéis leordhóthanach maidir leis na cineálacha spriocanna a bhfuil cosaint ag teastáil ina leith sa limistéar.~~

### ~~3. Údaráis fhreagracha~~

~~Ainmneacha agus seoltaí na ndaoine atá freagrach as forbairt agus cur chun cinn na bpleananna feabhsúcháin.~~

### ~~4. Cineál an truaillithe agus measúnú air~~

~~(a) tiúchain arna mbreathnú thar thréimhse bliana roimhe sin (roimh chur chun feidhme na mbeart feabhsúcháin);~~

~~(b) tiúchain arna dtomhas ó thús an tionscadail;~~

~~(c) teicníochtaí arna n-úsáid don mheasúnú.~~

### ~~5. Bunús an truaillithe~~

~~(a) liosta na bpríomhfhoinsí astaíochtaí freagrach as truailliú (léarscáil);~~

~~(b) cainníocht iomlán na n-astaíochtaí ó na foinsí sin (tonaí/bliain);~~

(c) faisnéis maidir le truailliú iompórtáilte ó réigiúin eile.

**6. Anailís ar an staid**

(a) sonraí na dtosca sin atá freagrach as an sárú (e.g. iompar, lena n-áirítear iompar trasteorann, cruthú truailleán tánaisteach san atmaisféar);

(b) sonraí na mbeart féideartha chun cáilíocht an aeir a fheabhsú.

**7. Sonraí na mbeart nó na dtionscadal feabhsúcháin a bhí ann roimh an 11 Meitheamh 2008, i.e.:**

(a) bearta áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, idirnáisiúnta;

(b) éifeachtaí breathnaithe na mbeart sin.

**8. Sonraí na mbeart nó na dtionscadal a glacadh d'fhonn truailliú a laghdú tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo:**

(a) liosta agus tuairisc ar gach ceann de na bearta a leagtar amach sa tionscadal;

(b) amchlár cur chun feidhme;

(c) meastachán ar an bhfeabhas atá beartaithe don cháilíocht aeir agus an méid ama a mheastar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

**9. Sonraí na mbeart nó na dtionscadal atá beartaithe nó a bhfuil taighde á déanamh orthu don fhadtéarma.**

**10. Liosta na bhfoilseachán, na ndoiciméad, na hoibre etc., arna n-úsáid nó arna húsáid chun an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Iarscríbhinn seo a fhorlíonadh.**

**B. FAISNÉIS ATÁ LE CUR AR FÁIL DE RÉIR AIRTEAGAL 22(1)**

1. An fhaisnéis uile mar a leagtar síos i Roinn A.

2. Faisnéis a bhaineann le stádas cur chun feidhme na dTreorach seo a leanas:

1. Treoir 70/220/CEE ón gComhairle an 20 Márta 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí[38];

2. Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse[39];

---

38 IO L 76, 6.4.1970, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/96/CE (IO L 363, 20.12.2006, lch. 81).

39 IO L 365, 31.12.1994, lch. 24. Treoir arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

3. Treoir 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú[40];

4. Treoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta i gcoinne astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil in innealra soghluaiste neamhbhóthair[41];

5. Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht peitril agus breoslaí díosail[42];

6. Treoir 1999/13/CE ón gComhairle an 11 Márta 1999 maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha a theorannú de bharr tuaslagóirí orgánacha a úsáid i ngníomhaíochtaí agus i bhfearais áirithe[43];

7. Treoir 1999/32/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe[44];

8. Treoir 2000/76/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2000 maidir le dramhaíl a loscadh[45];

9. Treoir 2001/80/CE an 23 Deireadh Fómhair 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíocht truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú;

10. Treoir 2001/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le huasteorainneacha astaíochtaí náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer;

11. Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha a theorannú, ar astaíochtaí iad a eascraíonn as úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe agus i dtáirgí ath-bhailchríochnaithe feithiclí[46];

12. Treoir 2005/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 lena leasaítear Treoir 1999/32/CE maidir le cion sulfair na mbreoslaí muirí[47];

13. Treoir 2005/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2005 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astú truailleán gásach agus cáithníneach ó innill adhainte comhbhrú le húsáid i bhfeithiclí, agus i gcoinne astú truailleán gásach ó innill

---

40 IO L 24, 29.1.2008, lch. 8.
41 IO L 59, 27.2.1998, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/105/CE.
42 IO L 350, 28.12.1998, lch. 58. Treoir arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.
43 IO L 85, 29.3.1999, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 143, 30.4.2004, lch. 87).
44 IO L 121, 11.5.1999, lch. 13. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2005/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 22.7.2005, lch. 59).
45 IO L 332, 28.12.2000, lch. 91.
46 IO L 143, 30.4.2004, lch. 87.
47 IO L 191, 22.7.2005, lch. 59.

adhainte deimhní a bhreoslaítear le gás nádúrtha nó le gás peitriliam leachtaithe le húsáid i bhfeithiclí[48];

14. Treoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le héifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus le seirbhísí fuinnimh[49].

3. Faisnéis maidir le gach beart laghdúcháin truaillithe aeir a breithníodh ar leibhéal iomchuí áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta lena chur chun feidhme i dtaca le baint amach cuspóirí cáilíochta aeir, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) laghdú ar astaíochtaí ó fhoinsí ina stad trína áirithiú go ndéanfar trealamh rialaithe astaíochtaí a fheistiú ar fhoinsí dócháin beaga agus meánmhéide ina stad a thruaillíonn (lena n-áirítear le haghaidh bithmhaise) nó go ndéanfar iad a athionadú;

(b) laghdú ar astaíochtaí ó fheithiclí trí threalamh rialaithe astaíochtaí a iarfheistiú orthu. Ba cheart breathnú ar dhreasachtaí eacnamaíocha chun dlús a chur le glacadh;

(c) soláthar feithiclí bóthair, breoslaí agus trealaimh dhócháin a dhéanann údaráis phoiblí, i gcomhréir leis an lámhleabhar maidir le soláthar comhshaoil poiblí, chun astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear an méid seo a leanas a cheannach:

– feithiclí nua, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí ísle,

– seirbhísí iompair feithiclí níos glaine,

– foinsí dócháin sheasta a bhfuil astaíochtaí ísle ag baint leo,

– breoslaí astaíochtaí ísle le haghaidh foinsí seasta agus soghluaiste,

(d) Bearta chun astaíochtaí iompair a theorannú trí phleanáil agus bainistiú tráchta (lena n-áirítear praghsáil brú tráchta, táillí difreáilte páirceála nó dreasachtaí eacnamaíocha eile; limistéir astaíochtaí ísle a bhunú);

(e) bearta chun athrú ar mhodhanna iompar a spreagadh chuig modhanna ar lú an truailliú a dhéanann siad;

(f) a áirithiú go n-úsáidtear breoslaí astaíochtaí ísle i bhfoinsí beaga, meánmhéide agus móra ina stad agus i bhfoinsí soghluaiste;

(g) bearta chun truailliú aeir a laghdú tríd an gcóras ceadanna faoi Threoir 2008/1/CE, na pleananna náisiúnta faoi Threoir 2001/80/CE, agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí eacnamaíocha amhail cánacha, táillí nó trádáil astaíochtaí.

(h) i gcás inarb iomchuí, bearta chun sláinte na leanaí nó sláinte ghrúpaí íogaire eile a chosaint.

---

48 IO L 275, 20.10.2005, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

49 IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.

▼ 2008/50/CE

# IARSCRÍBHINN XVI

## FAISNÉIS PHOIBLÍ

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tiúchan comhthimpeallach na dtruailleán arna gclúdach leis an Treoir seo a chur ar fáil go rialta don phobal.

2. Déanfar tiúchain chomhthimpeallacha a léiriú mar mheánluachanna de réir na dtréimhsí meánaithe iomchuí, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII agus in Iarscríbhinn XI go dtí Iarscríbhinn XIV. Léireofar leis an bhfaisnéis, ar a laghad, aon leibhéil a sháraíonn cuspóirí cáilíochta aeir lena n-áirítear teorainnluachanna, spriocluachanna, tairseacha foláirimh, tairseacha faisnéise nó cuspóirí fadtéarmacha an truailleáin rialáilte. Cuirfear measúnú gearr ar fáil leis an bhfaisnéis freisin maidir leis na cuspóirí cáilíochta aeir agus faisnéise iomchuí maidir le héifeachtaí ar an tsláinte, nó, i gcás inarb iomchuí, ar an bhfásra.

3. Déanfar faisnéis maidir le tiúchan comhthimpeallach dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine, ábhair cáithnínigh ($ÁC_{10}$ ar a laghad), ózóin agus aonocsaíde carbóin a nuashonrú ar bhonn laethúil ar a laghad agus, nuair is praiticiúil, gach uair an chloig. Déanfar faisnéis maidir le tiúchan comhthimpeallach luaidhe agus beinséine, arna cur i láthair mar mheánluach don 12 mhí dheireanacha, a nuashonrú gach trí mhí, agus gach mí, i gcás inar praiticiúil sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis thráthúil ar fáil don phobal maidir le sáruithe iarbhír nó tuartha ar thairseacha foláirimh, agus tairseacha faisnéise. Áireofar sa foilsiú an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) faisnéis maidir le sárú amháin nó níos mó a tugadh faoi deara:

– suíomh nó limistéar an tsáraithe,

– an cineál tairsí a sáraíodh (faisnéis nó foláireamh),

– an t-am a thosaigh an sárú agus an fad a mhair sé,

– an tiúchan aon uaire is airde agus, anuas air sin, an meántiúchan ocht n-uaire is airde i gcás ózóin;

(b) an réamhaisnéis maidir leis an tráthnóna nó lá/laethanta dar gcionn:

– limistéar geografach na sáruithe tuartha ar thairseach faisnéise agus/nó foláirimh,

– athruithe a bhfuiltear ag súil leo ar an truailliú (feabhas, cobhsú nó meath), mar aon leis na cúiseanna atá leis na hathruithe sin;

(c) faisnéis maidir leis an gcineál daonra lena mbaineann, na tionchair shláinte a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus an t-iompar molta:

– faisnéis maidir leis na grúpaí den daonra atá i mbaol,

– cur síos ar na siomptóim dhóchúla,

– na réamhchúraimí a mholtar don phobal lena mbaineann,

– an áit ina bhfaighfear eolas breise;

(d) faisnéis maidir le beart coisctheach chun truailliú agus/nó neamhchosaint air a laghdú: léiriú na bpríomhearnálacha foinseacha; moltaí maidir le gníomhaíochta chun astaíochtaí a laghdú;

(e) i gcás sáraithe tuartha, déanfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú go gcuirfear na sonraí a bhaineann leis ar fáil a mhéid is féidir.

↓ 2008/50 (oiriúnaithe) (adapted)

# ~~IARSCRÍBHINN XVII~~

## ~~TÁBLA COMHGHAOIL~~

| ~~An Treoir seo~~ | ~~Treoir 96/62/CE~~ | ~~Treoir 1999/30/CE~~ | ~~Treoir 2000/69/CE~~ | ~~Treoir 2002/3/CE~~ |
|---|---|---|---|---|
| ~~Airteagal 1~~ | ~~Airteagal 1~~ | ~~Airteagal 1~~ | ~~Airteagal 1~~ | ~~Airteagal 1~~ |
| ~~Airteagal 2(1) go hAirteagal (5)~~ | ~~Airteagal 2(1) go hAirteagal (5)~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 2(6) agus Airteagal (7)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 2(8)~~ | ~~Airteagal 2(8)~~ | ~~Airteagal 2(7)~~ | — | — |
| ~~Airteagal 2(9)~~ | ~~Airteagal 2(6)~~ | — | — | ~~Airteagal 2(9)~~ |
| ~~Airteagal 2(10)~~ | ~~Airteagal 2(7)~~ | ~~Airteagal 2(6)~~ | — | ~~Airteagal 2(11)~~ |
| ~~Airteagal 2(11)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 2(12)~~ |
| ~~Airteagal 2(12) agus Airteagal (13)~~ | — | ~~Airteagal 2(13) agus Airteagal (14)~~ | ~~Airteagal 2(a) agus (b)~~ | — |
| ~~Airteagal 2(14)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 2(10)~~ |
| ~~Airteagal 2(15) agus Airteagal (16)~~ | ~~Airteagal 2(9) agus Airteagal (10)~~ | ~~Airteagal 2(8) agus Airteagal (9)~~ | — | ~~Airteagal 2(7) agus Airteagal (8)~~ |
| ~~Airteagal 2(17) agus Airteagal (18)~~ | — | ~~Airteagal 2(11) agus Airteagal (12)~~ | — | — |
| ~~Airteagal 2(19), (20), (21), (22) agus (23)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 2(24)~~ | — | ~~Airteagal 2(10)~~ | — | — |
| ~~Airteagal 2(25) agus Airteagal (26)~~ | ~~Airteagal 6(5)~~ | — | — | — |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ~~Airteagal 2(27)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 2(13 )~~ |
| ~~Airteagal 2(28)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 2(3)~~ |
| ~~Airteagal 3, seachas mír (1)(f)~~ | ~~Airteagal 3~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 3(1)(f)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 4~~ | ~~Airteagal 2(9) agus (10), Airteagal 6(1)~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 5~~ | — | ~~Airteagal 7(1)~~ | ~~Airteagal 5(1)~~ | — |
| ~~Airteagal 6(1) go hAirteagal (4)~~ | ~~Airteagal 6(1) go hAirteagal (4)~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 6(5)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 7~~ | — | ~~Airteagal 7(2) agus Airteagal (3) maille lena leasuithe~~ | ~~Airteagal 5(2) agus Airteagal (3) maille lena leasuithe~~ | — |
| ~~Airteagal 8~~ | — | ~~Airteagal 7(5)~~ | ~~Airteagal 5(5)~~ | — |
| ~~Airteagal 9~~ | — | — | — | ~~Airteagal 9(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír~~ |
| ~~Airteagal 10~~ | — | — | — | ~~Airteagal 9(1) go hAirteagal (3) maille lena leasuithe~~ |
| ~~Airteagal 11(1)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 9(4)~~ |
| ~~Airteagal 11(2)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 12~~ | ~~Airteagal 9~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 13(1)~~ | — | ~~Airteagal 3(1), 4(1), 5(1) agus 6~~ | ~~Airteagail 3(1) agus 4~~ | — |
| ~~Airteagal 13(2)~~ | — | ~~Airteagal 3(2) agus~~ | — | — |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ~~Airteagal 4(2)~~ | | |
| ~~Airteagal 13(3)~~ | — | ~~Airteagal 5(5)~~ | — | — |
| ~~Airteagal 14~~ | — | ~~Airteagal 3(1) agus Airteagal 4(1) maille lena leasuithe~~ | — | — |
| ~~Airteagal 15~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 16~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 17(1)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 3(1) agus Airteagal 4(1)~~ |
| ~~Airteagal 17(2)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 3(2) agus (3)~~ |
| ~~Airteagal 17(3)~~ | — | — | — | ~~Airteagal 4(2)~~ |
| ~~Airteagal 18~~ | — | — | — | ~~Airteagal 5~~ |
| ~~Airteagal 19~~ | ~~Airteagal (10) maille lena leasuithe~~ | ~~Airteagal 8(3)~~ | — | ~~Airteagal (6) maille lena leasuithe~~ |
| ~~Airteagal 20~~ | — | ~~Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(4) maille lena leasuithe~~ | — | — |
| ~~Airteagal 21~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 22~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 23~~ | ~~Airteagal 8(1) go hAirteagal (4) maille lena leasuithe~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 24~~ | ~~Airteagal 7(3) maille lena leasuithe~~ | — | — | ~~Airteagal (7) maille lena leasuithe~~ |
| ~~Airteagal 25~~ | ~~Airteagal 8(5) maille lena leasuithe~~ | — | — | ~~Airteagal (8) maille lena leasuithe~~ |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ~~Airteagal 26~~ | — | ~~Airteagal (8) maille lena leasuithe~~ | ~~Airteagal (7) maille lena leasuithe~~ | ~~Airteagal (6) maille lena leasuithe~~ |
| ~~Airteagal 27~~ | ~~Airteagal (11) maille lena leasuithe~~ | ~~Airteagal 5(2) an dara fomhír~~ | — | ~~Airteagal (10) maille lena leasuithe~~ |
| ~~Airteagal 28(1)~~ | ~~Airteagal 12(1) maille lena leasuithe~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 28(2)~~ | ~~Airteagal (11) maille lena leasuithe~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 28(3)~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 28(4)~~ | — | ~~Iarscríbhinn IX maille lena leasuithe~~ | — | — |
| ~~Airteagal 29~~ | ~~Airteagal 12(2)~~ | — | — | — |
| ~~Airteagal 30~~ | — | ~~Airteagal 11~~ | ~~Airteagal 9~~ | ~~Airteagal 14~~ |
| ~~Airteagal 31~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 32~~ | — | — | — | — |
| ~~Airteagal 33~~ | ~~Airteagal 13~~ | ~~Airteagal 12~~ | ~~Airteagal 10~~ | ~~Airteagal 15~~ |
| ~~Airteagal 34~~ | ~~Airteagal 14~~ | ~~Airteagal 13~~ | ~~Airteagal 11~~ | ~~Airteagal 17~~ |
| ~~Airteagal 35~~ | ~~Airteagal 15~~ | ~~Airteagal 14~~ | ~~Airteagal 12~~ | ~~Airteagal 18~~ |
| ~~Iarscríbhinn I~~ | — | ~~Iarscríbhinn VIII maille lena leasuithe~~ | ~~Iarscríbhinn VI~~ | ~~Iarscríbhinn VII~~ |
| ~~Iarscríbhinn II~~ | — | ~~Iarscríbhinn V maille lena leasuithe~~ | ~~Iarscríbhinn III~~ | — |
| ~~Iarscríbhinn III~~ | — | ~~Iarscríbhinn VI~~ | ~~Iarscríbhinn IV~~ | — |
| ~~Iarscríbhinn IV~~ | — | — | — | — |
| ~~Iarscríbhinn V~~ | — | ~~Iarscríbhinn VII maille lena leasuithe~~ | ~~Iarscríbhinn V~~ | — |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ~~Iarscríbhinn VI~~ | — | ~~Iarscríbhinn IX maille lena leasuithe~~ | ~~Iarscríbhinn VII~~ | ~~Iarscríbhinn VIII~~ |
| ~~Iarscríbhinn VII~~ | — | — | — | ~~Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn III Roinn II~~ |
| ~~Iarscríbhinn VIII~~ | — | — | — | ~~Iarscríbhinn I V~~ |
| ~~Iarscríbhinn IX~~ | — | — | — | ~~Iarscríbhinn V~~ |
| ~~Iarscríbhinn X~~ | — | — | — | ~~Iarscríbhinn VI~~ |
| ~~Iarscríbhinn XI~~ | — | ~~Iarscríbhinn I, roinn I, Iarscríbhinn II, roinn I agus Iarscríbhinn III (maille lena leasuithe); Iarscríbhinn IV (gan athrú)~~ | ~~Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II~~ | — |
| ~~Iarscríbhinn XII~~ | — | ~~Iarscríbhinn I, roinn II, Iarscríbhinn II, roinn II,~~ | — | ~~Iarscríbhinn II, roinn I~~ |
| ~~Iarscríbhinn XIII~~ | — | ~~Iarscríbhinn I, roinn I, Iarscríbhinn II, roinn I~~ | — | — |
| ~~Iarscríbhinn XIV~~ | — | — | — | — |
| ~~Iarscríbhinn XV Roinn A~~ | ~~Iarscríbhinn IV~~ | — | — | — |
| ~~Iarscríbhinn XV Roinn B~~ | — | — | — | — |
| ~~Iarscríbhinn XVI~~ | — | ~~Airteagal 8~~ | ~~Airteagal 7~~ | ~~Airteagal (6) maille lena leasuithe~~ |